

An Tionscnamh um Aistriú ó Réamhscoil go
Bunscoil
Tuarascáil Deiridh

Contents

Tús eolais ar an tionscnamh	5
An taighde is bonn leis an tionscnamh	6
Aidhmeanna an tionscnaimh	8
Réamhscoileanna agus scoileanna a ghlac páirt sa tionscnamh	8
Cur i bhfeidhm an tionscnaimh	10
Na dréacht-teimpléid tuairiscithe	12
Modheolaíocht na meastóireachta	14
Aghaidh a thabhairt ar theorainneacha na sonraí a úsáideadh sa mheastóireacht tosaigh	18
Anailís ar shonraí	19
Céim 1	19
Céim 2	21
Cur i láthair na dtorthaí	22
Catagóir 1: Páistí agus teaghlaigh	23
Rannpháirtíocht na bpáistí	27
Catagóir 2: Cleachtóirí agus múinteoirí	31
Plé ar na torthaí	40
Buntáistí agus dúshlán an tionscnaimh	41
Focal scoir	47
Tagairtí	48
Aguisín 1: Eolas do réamhscoileanna agus do scoileanna	49
Aguisín 2: Gníomhaíochtaí aistrithe a bhféadfaí tabhairt fúthu DRÉACHT	55
Aguisín 3: Treoir maidir le tuairiscí a ghiniúint	63
Aguisín 4: Smaointe do mhúinteoirí ar bhealaí chun an t-eolas sna tuairiscí a úsáid	74
Aguisín 5: Foirm thoilithe an tuismitheora	86
Aguisín 6: Foirm maidir le cead páiste chun páirt a ghlacadh i dtaifeadadh físeáin agus i gcomhroinnt líníochtaí	89

Tús eolais ar an tionscnamh

Sa doiciméad seo, tugtar tuairisc ar an *Tionscnamh um Aistriú ó Réamhscoil go Bunscoil*¹ de chuid na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)². Leagadh amach an méid a spreag an tionscnamh seo in *Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol: An Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga 2011-2020* (An Roinn Oideachais agus Scileanna [ROS], 2011), inar cuireadh de chúram ar CNCM teimpléid tuairiscithe oiriúnacha a fhorbairt agus iad a chur ar fáil ar líne chun:

Feabhas a chur ar na socruithe le haghaidh aistriú an eolais maidir leis an dul chun cinn atá á dhéanamh agus lena bhfuil bainte amach ag na scoláirí idir na scoileanna agus suíomhanna COLÓ a fhaigheann maoiniú ón stát trí éileamh ar na suíomhanna agus scoileanna uile tuairiscí i scríbhinn a chur ar fáil i ngnáthfhormáid do na scoileanna agus na suíomhanna a n-aistríonn na scoláirí chucu (tá na tuairiscí le cur ar fáil i ndiaidh don scoláire a ligean isteach sa scoil/suíomh nua) (ROS, 2011, lch 82).

Rinneadh tagairt don obair sin freisin sa cháipéis *Plean Gníomhaíochta don Oideachas* (ROS, 2017; ROS, 2018) faoi Chuspóir 1.4 chun aistriú na bhfoghlaimoirí a fheabhsú ag céimeanna tábhachtacha sa chóras oideachais agus oiliúna. Tá an fócas ar an aistriú sin ag teacht go dlúth le gnéithe eile den obair a dhéanann CNCM, go háirithe, na moltaí a foilsíodh in 2016 maidir le hathstruchtúrú a dhéanamh ar an gcuraclam bunscoile. Moladh céim amháin a dhéanamh den dá bhliain réamhscoile agus na ranganna naíonán chun tacú le dul chun cinn agus leanúnachas eispéiris de réir mar a théann páistí ón réamhscoil chuig an mbunscoil. Fuarthas sa chomhairliúchán go raibh meon dearfach agus tacaíocht ann i measc na bhfreagróirí i leith céim amháin curaclaim ina gcuimseofaí na ceithre bliana. Is tráthúil an tuarascáil í seo, dá bhrí sin.

¹ Tabharfar 'an tionscnamh' ar an *Tionscnamh um Aistriú ó Réamhscoil go Bunscoil* tríd síos sa tuarascáil.

An taighde is bonn leis an tionscnamh

Choimisiúnaigh CNCM trí thuarascáil taighde ar an aistriú chuig an mbunscoil mar ullmhúchán don obair. Is iad sin:

1. *Transition from Preschool to Primary School* (Tuarascáil Taighde 19) (O’Kane, 2016). Is athbhreithniú é sin ar an litríocht náisiúnta agus idirnáisiúnta.
2. *Transition from Preschool to Primary School: Audit of Policy in 14 Jurisdictions* (O’Kane agus Murphy, 2016a), ina bhféachtar ar aistriú sonraí agus ar an bpróiseas aistrithe.
3. *Transition from Preschool to Primary School: Audit of Transfer Documentation in Ireland* (O’Kane agus Murphy, 2016b), ina ndéantar iniúchadh ar dheich gcáipéis aistrithe a d’ullmhaigh réamhscoileanna agus bunscoileanna ag obair dóibh i bpáirt le chéile. Féach <https://www.ncca.ie/en/primary/primary-developments/developments-in-the-early-years-of-primary/early-childhood-transitions-research-series>

Bhí na príomhtheachtaireachtaí seo a leanas ó na tuarascálacha taighde ina mbonn eolais ag obair CNCM ar feadh an tionscnaimh:

- Is tábhacht an rud é gur **eispéireas dearfach** do pháistí é an t-aistriú chuig an mbunscoil. Díríodh an tionscnamh ar a chinntiú go mbeadh an t-eispéireas sin chomh dearfach agus a d’fhéadfadh sé a bheith.
- Tá **meonta, scileanna agus eolas** áirithe tábhachtach do pháistí agus iad ag aistriú chuig an mbunscoil agus, dá bhrí sin, ba chóir díriú orthu sna réamhscoileanna. Ina measc siúd tá fócas láidir ar labhairt agus ar scileanna cumarsáide agus ar mheonta dearfacha foghlama a fhorbairt, ar nós an neamhspleáchais, na fiosracha agus teacht aniar a bheith sa pháiste. Is féidir le heispéiris foghlama agus gníomhaíochtaí aistrithe áirithe cabhrú le páistí tuiscint níos doimhne a chothú ar an aistriú chuig an mbunscoil

agus dá bhrí sin ba chóir díriú ar na heispéiris sin. Cuireadh béim sa tionscnamh ar na meonta, na scileanna agus an eolas atá tábhachtach san aistriú agus moladh roinnt gníomhaíochtaí aistrithe a d'fhéadfaí a dhéanamh chun an t-eispéireas a fheabhsú do pháistí agus do theaghlaigh.

- Leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann **le hailíniú níos mó ar na curaclaim agus ar an teagasc** ar fud réamhscoileanna agus bunscoileanna i dtaobh na foghlama agus na forbartha a dhéanann páistí. Bhí úsáid fhéideartha *Aistear: Creachuraclam na Luath-Óige* (CNCM, 2009) sna réamhscoileanna agus sna bunscoileanna araon ina cuid thábhachtach den tionscnamh. Tá sé ríthábhachtach **caidreamh muiníneach, déthaobhach** a chothú idir réamhscoileanna agus bunscoileanna agus is féidir leis sin cuidiú le teacht ar thuiscint níos fearr ar an gcuraclam agus ar an teagasc sna suíomhanna éagsúla. Bhí sé ina phríomhthosaíocht ag foireann tionscadail CNCM forbairt caidrimh a chothú, mar aon le tacú le hailíniú níos fearr ar churaclaim agus ar an teagasc.
- **Freagracht atá comhroinnte idir teaghlaigh, réamhscoileanna agus bunscoileanna** is ea é tacú le haistriú an pháiste. Ní mór do gach duine atá i gceist a bheith ag obair le chéile chun tacú le haistriú an pháiste agus dírtear níos mó ar 'scoileanna ullmhaithe' seachas ar 'ullmhacht chun scoile' an pháiste. Baineann an-tábhachtach le feasacht na dtuismitheoirí ar thacú le haistriú a bpáistí ón réamhscoil chuig an mbunscoil, agus le baint a bheith acu leis an aistriú sin, mar atá luaite sna tuarascálacha taighde. Ba chuid lárnach den tionscnamh é tacú leis na suíomhanna agus na tuismitheoirí chun a bheith ag obair le chéile.
- D'fhéadfadh go mbeadh **tacaíochtaí breise ar leith** ag teastáil ó roinnt páistí atá faoi mhíbhuntáiste, ó pháistí a bhfuil an Béarla ina theanga bhreise acu agus ó pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, ach ní hamhlaidh atá i gcás gach duine de na páistí sin. Leagadh béim air sin sa tionscnamh.
- Is cuid thábhachtach den phróiseas aistrithe é **an t-aistriú eolais maidir le foghlaim agus forbairt páistí idir réamhscoileanna agus bunscoileanna** agus is féidir leis sin an caidreamh idir réamhscoileanna agus bunscoileanna a spreagadh chomh maith le

cuidiú le leanúnachas agus dul chun cinn a chothú i gcás an pháiste. Cuid lárnach den tionscnamh arbh ea é triail a bhaint as teimpléid tuairiscithe CNCM.

Aidhmeanna an tionscnaimh

Ba léir ón taighde nárbh fhiú teimpléid tuairiscithe a fhorbairt astu féin gan díriú go follasach ar choincheap níos leithne na n-aistrithe. Ba é sin a spreag an *Tionscnamh um Aistriú ó Réamhscoil go Bunscoil* sa chéad áit.

Bhí an tionscnamh dírithe ar an méid seo a leanas:

- Tacú le cleachtóirí agus le múinteoirí agus iad ag cabhrú le páistí agus a dteaghlaiigh aistriú dearfach ón réamhscoil chuig an mbunscoil a bheith acu.
- Triail a bhaint as dhá dhréacht-Teimpléad Tuairiscithe (A agus B) a d'fhorbair CNCM chun eolas maidir le foghlaim agus forbairt páistí a comhroinnt idir réamhscoileanna, scoileanna agus teaghlaiigh, agus meastóireacht a dhéanamh ar na teimpléid sin.
- Caidreamh dearfach déthaobhach a chothú idir réamhscoileanna agus bunscoileanna trí rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí agus eispéiris aistrithe ina mbíonn siad araon páirteach.
- A bheith ag obair ar bhealaí éagsúla le páistí, teaghlaiigh, réamhscoileanna agus scoileanna le linn an phróisis aistrithe, agus iad go léir a bheith páirteach ann.

Réamhscoileanna agus scoileanna a ghlac páirt sa tionscnamh

Bhí foireann tionscadail CNCM ag obair i ndlúthpháirt le líonra ina bhfuil deich réamhscoil agus naoi mbunscoil, atá suite – ar mhaithe le teacht éasca a bheith orthu – i gCo. Thiobraid

Árann, Co. Laoise, Co. Luimnigh agus Co. na Gaillimhe.³ Ina leith sin, tugadh cuireadh do réamhscoileanna agus do scoileanna a bheith páirteach sa tionscnamh agus bhí cineálacha éagsúla suíomhanna sa líonra deiridh (mar shampla cineálacha difriúla scoileanna agus réamhscoileanna, sna bailte agus faoin tuath, agus scoileanna agus réamhscoileanna lán-Ghaeilge ina measc). Bhí gach cleachtóir réamhscoile ag obair i gcomhpháirtíocht le múinteoir bunscoile amháin⁴. Cé go bhféadfadh páistí ó réamhscoil amháin a bheith ag dul ar aghaidh chuig roinnt bunscoileanna éagsúla agus go bhféadfadh gach scoil a bheith ag fáil páistí ó réamhscoileanna éagsúla, measadh gurbh fhurasta é a bheith ag obair le líon beag rannpháirtithe. Bhí CNCM ag obair i gcomhar le Comhar Naíonraí na Gaeltachta i gcás na suíomhanna lán-Ghaeilge i nGaillimh.

Agus é ag tacú le gach suíomh agus gach scoil chun páirt iomlán a ghlacadh sa tionscnamh, sholáthair CNCM na nithe seo a leanas:

- Deontas €1,000
- Costais taistil agus clúdach ionadaíochta ionas go bhféadfadh na rannpháirtithe freastal ar an seisiún tosaigh agus ar cheithre cheardlann.
- Diantreoir agus diantacaíocht ó fhoireann tionscadail CNCM trí mheán:
 - Freastal ar sheisiún tosaigh agus ar cheithre cheardlann lae
 - Cuairteanna ar an láthair
 - Cumarsáid leanúnach ar an teileafón agus ar an ríomhphost
 - Ábhair thacaíochta, lena n-áirítear bileoga eolais do rannpháirtithe, bileoga eolais do thuismitheoirí, gníomhaíochtaí aistrithe molta, treoir maidir leis na tuairiscí a ullmhú, treoir maidir le húsáid na dtuairiscí chun tacú le páistí atá ag aistriú isteach sna naíonáin shóisearacha. (Féach aguisíní 1, 2, 3 agus 4.)

³ Bhí aonad réamhscoile do pháistí ar a bhfuil neamhord de chuid speictream an uathachais ceangailte le bunscoil amháin, chomh maith leis na réamhscoileanna óna ndeachaigh páistí chuici.

⁴ Bhí múinteoir amháin páirteach freisin ar a raibh cúram Teagmhála Baile, Scoile agus an Phobail páirteach.

Ní raibh ach trí cinn de na deich réamhscoil a raibh caidreamh eatarthu féin agus a mbunscoil chomhpháirtíochta roimh an tionscnamh. Léiríonn siad siúd a bhfuil baint acu leis an tionscnamh comhthéacs na hÉireann, ina bhfuil an nós ann go ginearálta nach mbíonn réamhscoileanna agus bunscoileanna ag obair le chéile. Mar gheall nach raibh aon chaidreamh ann roimh ré idir na rannpháirtithe, b'éigean dóibh aithne a chur ar a chéile agus muinín as a chéile a chothú. Le tacaíocht ó fhoireann tionscadail CNCM, cothaíodh caidreamh de réir a chéile le linn an tionscnaimh, agus baineadh amach raon torthaí. Corr uair, ba dheacair an rud é an leibhéal cumarsáide agus comhoibrithe a bhí inmhianaithe a chothú idir na cleachtóirí agus na múinteoirí a bhí ag obair i bpáirt le chéile. Bhí cuid de na rannpháirtithe a chuir fáilte ní ba mhó ná a chéile roimh choincheap an chomhoibrithe agus na comhroinnte. Bhí foireann tionscadail CNCM ag obair go crua lena chinntiú go raibh an tionscnamh chomh maith is a d'fhéadfadh sé a bheith agus aitheantas á thabhairt aici freisin do chúinsí gach réamhscoile agus gach scoile. Chomh maith leis sin, b'éigean roinnt babhtaí cumarsáide agus meabhrúcháin a dhéanamh lena chur i gcuimhne go séimh do roinnt rannpháirtithe na tascanna a thoiligh siad a dhéanamh tar éis gach ceardlainne.

Cur i bhfeidhm an tionscnaimh

Thosaigh cur i bhfeidhm an tionscnaimh nuair a tugadh cuireadh do gach cleachtóir, múinteoir, bainisteoir réamhscoile agus príomhoide freastal ar sheisiún buneolais. Ina dhiaidh sin, réachtáladh trí cheardlann lae idir Márta agus Meitheamh 2017 agus ceardlann deiridh i mí Dheireadh Fómhair 2017. D'fhreastail cleachtóirí agus múinteoirí ar na ceardlanna sin. Ba ag na ceardlanna sin a bhuail na cleachtóirí agus na múinteoirí le chéile den chéad uair le haghaidh foghlaim ghairmiúil chomhroinnte. Tugadh cuireadh dóibh go rialta a bheith ag obair i bpáirt le chéile, ina mbeirteanna agus ina ngrúpaí beaga, ar thascanna éagsúla. Rud is tábhachtach, spreagadh iad chun coinneáil le cothú an chaidrimh ghairmiúil sin idir na ceardlanna.

Baineadh leas as na ceardlanna tosaigh mar dheis chun comhroinnt a dhéanamh ar an méid a foghlaimíodh ó na tuarascálacha taighde faoi thábhacht na n-aistrithe ardcháilíochta. Leis

an ionchur sin, tugadh eolas ábhartha do na rannpháirtithe faoin eolas, na scileanna agus na meonta atá tábhachtach do pháistí agus iad ag aistriú isteach sna naíonáin shóisearacha. Díríodh go mór freisin ar phleanáil i gcomhair gníomhaíochtaí aistrithe éagsúla agus ar thabhairt fúthu. Gné thábhachtach de na ceardlanna arbh ea é comhairle, moltaí agus treoir a thabhairt maidir le tacú le leanúnachas agus dul chun cinn sa churaclam agus sa teagasc ón réamhscoil chuig an mbunscoil trí mheán *Aistear*. Bhí deiseanna ag rannpháirtithe cur síos a dhéanamh ar an gcaoi ar éirigh leo ag obair le *Aistear*. Bhí ábhair ó cholún na nAistrithe de Threoir Chleachtais *Aistear Síolta* (www.aistearsiolta.ie), lena n-áirítear sraith podchraoltaí ón Ollamh Sue Dockett, saineolaí idirnáisiúnta ar aistrithe, faoi thacú leis an aistriú chuig an mbunscoil, ina dtacaíocht lárnach le linn an tionscnaimh. (See <http://www.aistearsiolta.ie/ga/Aistrithe/>). Sa tríú ceardlann, cuireadh i láthair na dréacht-teimpléid tuairiscithe agus tugadh treoir phraiticiúil maidir le conas iad a líonadh isteach (féach Aguisín 3). Tugadh comhairle phraiticiúil freisin faoin gcaoi a bhféadfadh múinteoirí an úsáid ab fharr a bhaint as an eolas sna tuairiscí. (Féach Aguisín 4).

Ag an gceathrú ceardlann, bhí an deis ag na rannpháirtithe meastóireacht agus machnamh a dhéanamh ar an bpáirt a bhí acu sa mhórtionscnamh agus ar na dréacht-teimpléid tuairiscithe, agus aiseolas a thabhairt ina leith. Chuir na rannpháirtithe an-smaoineamh isteach i ngach gné dá rannpháirtíocht agus labhair siad amach go hoscailte fúithi. Tar éis dóibh muinín as a chéile a chothú thar thréimhse an tionscnaimh, ba mhó an fonn a bhí orthu a gcuid tuairimí agus smaointe a chomhroinnt leis na rannpháirtithe eile. Thug siad comhairle agus moltaí mionsonraithe ar an gcaoi a bhféadfaí na dréacht-teimpléid a fheabhsú agus athruithe a dhéanamh orthu. Tuairiscigh siad freisin ar an leibhéal agus an cineál tacaíochta a bheadh ag teastáil chun tionscnamh den sórt sin a chur i bhfeidhm ar bhonn náisiúnta. Ar an lá, tugadh cuireadh do na rannpháirtithe podchraoltaí a dhéanamh faoina n-eispéiris agus a gcuid smaointe faoi ghníomhaíochtaí aistrithe éagsúla agus faoi na heispéiris a bhí acu ag obair le chéile. Beidh siadsan ar fáil ar láithreán gréasáin CNCM (www.ncca.ie). Ag deireadh na ceardlainne bronnadh Teastas Rannpháirtíochta ar gach rannpháirtí.

Le linn an tionscnaimh, bhí cuid mhaith cumarsáid neamhfhoirmiúil ar an teileafón agus an ríomhphost idir na rannpháirtithe agus foireann tionscadail CNCM. Spreagadh na rannpháirtithe lena gcuid sonraí teagmhála a thabhairt don réamhscoil/scoil a bhí ag obair i bpáirt leo chun bealaí cumarsáide agus comhoibrithe a bhunú agus a choinneáil ar bun. Lean CNCM ar aghaidh ag tacú le rannpháirtithe sa tréimhse idir na ceardlanna. Bhí an tacaíocht dírithe ar na gníomhaíochtaí aistrithe a bhí le déanamh agus ar chumarsáid agus comhoibriú idir na rannpháirtithe.

Na dréacht-teimpléid tuairiscithe

Cuid lárnach den tionscnamh arbh ea é triail a bhaint as dhá dhréacht-teimpléad tuairiscithe a d'fhorbair CNCM. Nuair a bheidh siad curtha i gcrích, tá sé i gceist go mbainfear leas as Teimpléid na dTuairiscí Aistrithe ar fud na tíre agus go mbeidh siad dírithe ar thacú le haistriú gach páiste ón réamhscoil chuig an mbunscoil. Fágann sé sin go mbeidh gach cleachtóir réamhscoile in ann na teimpléid a úsáid i leith gach páiste sa ghrúpa. Aistrítear eolas breise a bhaineann le páistí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais trí phróisis éagsúla a dhéanann raon eagraíochtaí a thacaíonn leis na páistí óga sin. Mar shampla, mar chuid den obair a dhéanann Better Start, an tSeirbhís Náisiúnta um Fhorbairt Cáilíochta i leith na Luathbhlianta, tríd an tSamhail um Rochtain & Cuimsiú (www.aim.gov.ie/) d'ullmhaigh sé acmhainn chun tacú le suíomhanna réamhscoile maidir le pleanáil i gcomhair páistí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais a bheith ag aistriú chuig an scoil. Ina theannta sin, tá treoirínte ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta do thuismitheoirí/caomhnóirí páistí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais agus atá ag tosú ar scoil (<http://ncse.ie/wp-content/uploads/2016/02/02155-NCSE-Starting-School-Guidelines-final-08.02.16.pdf>) agus bíonn sí ag obair le scoileanna agus le thuismitheoirí nuair a bhíonn na páistí sin cláraithe sa scoil.

Tá na teimpléid de chuid CNCM ceaptha chun léargas a thabhairt, ag am áirithe, ar fhoghlaim agus forbairt iomlánaíoch an pháiste agus é nó í ag bogadh chuig an mbunscoil. Tugadh treoir

úsáideora do chleachtóirí chun cabhrú leo tuairiscí a ullmhú agus iad ag baint úsáid as na teimpléid (féach Aguisín 3). Trí chuid a bhí i ngach teimpléad:

- Cuid 1: Cuid an Chleachtóra
- Cuid 2: Cuid an Teaghlaigh
- Cuid 3: Cuid an Pháiste

B'ionann Codanna an Teaghlaigh agus an Pháiste i dTeimpléad A agus i dTeimpléad B, ach bhí Cuid an Chleachtóra difriúil sa dá cheann. I dTeimpléad A, bhí Cuid an Chleachtóra ní b'oscailte, agus i dTeimpléad B bhí rogha freagraí leagtha amach ar na ceisteanna ionas go bhféadfadh an cleachtóir céim forbartha/ghnóthachtála na bpáistí faoi láthair a léiriú – beagnach i gcónaí, uaireanta, níl fós. Bhí Teimpléad A agus Teimpléad B nasctha le ceithre théama *Aistear* (2009) agus leis na hábhair i g*Curaclam na Bunscoile* (1999). Bhí sé beartaithe go mbainfeadh gach réamhscoil triail as an dá theimpléad. D'iarr an réamhscoil i gcomhair páistí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais gan ach Teimpléad A a úsáid, áfach, toisc gur bhraith sí gurb oiriúnaí é don chohórt páistí lena mbíonn sí ag obair, agus sin é an socrú a rinneadh.

D'ullmhaigh na cleachtóirí tuairisc a bhí bunaithe ar dhréacht-theimpléad A nó B i leith gach páiste a bhí chun dul ar aghaidh chuig an mbunscoil, beag beann ar an mbunscoil a raibh siad chun aistriú chuici. Chiallaigh sé sin, i gcás na bpáistí a bhí ag bogadh chuig bunscoil nach raibh páirteach sa tionscnamh, gur tugadh an tuairisc do na tuismitheoirí agus gur spreag an cleachtóir iad lena comhroinnt leis an scoil. I gcás páistí a bhí ag aistriú chuig an mbunscoil chomhpháirtíochta faoin tionscnamh, thug an cleachtóir réamhscoile na tuairiscí don mhúinteoir, le toiliú tuismitheora. Ina dhiaidh sin, bhí an deis ag an gcleachtóir agus an múinteoir cruinniú duine le duine a bheith acu chun mionphlé a dhéanamh faoin eolas sa tuairisc, agus bhí an deis acu comhráite agus/nó cruinnithe leantacha a bheith acu i mí Mheán Fómhair. D'ullmhaigh na cleachtóirí 109 tuairisc san iomlán agus na dréacht-teimpléid tuairiscithe á n-úsáid acu. Ansin, d'úsáid na múinteoirí a raibh baint dhíreach acu leis an tionscnamh 62 tuairisc san iomlán chun bonn eolais a chur faoin bpleanáil. Sa doiciméad dar

teideal *Na tuairiscí a úsáid* (féach Aguisín 4), léirítear cuid den eolas a comhroinneadh sna tuairiscí (tugadh cóipeanna de na tuairiscí a líonadh isteach, agus iad gan ainm, d'fhoireann tionscadail CNCM) agus an chaoi a bhféadfaí an t-eolas sin a úsáid chun tairbhe na bpáistí agus iad ag aistriú isteach sna naíonáin shóisearacha.

Modheolaíocht na meastóireachta

Sa chuid seo, tugtar breac-chuntas ar an modheolaíocht a úsáideadh chun an tionscnamh a mheas. Bunaithe ar na príomhtheachtaireachtaí ó na tuarascálacha taighde maidir le haistriú ón réamhscoil go dtí an bhunscoil i dtaobh an t-aistriú a bheith ina chúram comhroinnte (O'Kane, 2016) agus an gá atá le gach páirtí leasmhar a bheith páirteach ann, leagadh amach cur chuige ilghnéitheach i leith na meastóireachta. Ghlac an meastóir seachtrach cur chuige ar bhonn modhanna éagsúla i leith bailiú sonraí chun castacht an tionscnaimh a chur san áireamh agus chun dearcadh na bpáirtithe leasmhara éagsúla a fháil amach. De réir Cohen, Manion agus Morrison (2018, lch 32)

Mixed methods research combines elements of both quantitative and qualitative approaches to research to give a richer and more reliable (broader and deeper) understanding of a phenomenon than a single approach would yield.

Bailiú sonraí

Ba iad na modhanna taighde a bhí san áireamh sa mheastóireacht seo ná:

- Ceistneoirí
- Grúpaí fócais
- Agallaimh
- Díospóireachtaí *World Café*
- Aiseolas ar cheardlanna

- Rannpháirtíocht na bpáistí.
- Sna **ceistneoirí**, bhí an deis ag na daoine fásta go léir a ghlac páirt sa tionscnamh a gcuid tuairimí a thabhairt trí cheisteanna iata agus ceisteanna oscailte. Bhí bileoga mínithe ag gabháil leis na ceistneoirí, agus litreacha inar tugadh cuireadh don fhaighteoir a bheith páirteach sa tionscnamh. Sonraíodh leibhéal comhaontaithe nuair ba chúí: *aontaím go láidir, aontaím, nílim cinnte*. Cuireadh ceistneoirí ar líne (i mBéarla agus i nGaeilge) ar fáil do na cleachtóirí agus do na múinteoirí. Dáileadh ceistneoirí cruachóipe ar na tuismitheoirí a ghlac páirt. Sular dáileadh an ceistneoir ar na tuismitheoirí, cuireadh chuig an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta do Aosaigh é ionas go bhféadfaí Béarla soiléir a chur air. Cuireadh Gaeilge agus Polainnis ar an gceistneoir ansin (toisc gurbh í an Pholainnis an teanga bhaile eile ba choitianta i measc na bpáistí sa tionscnamh).

Áirítear leis an tacar sonraí:

Ceistneoir ar líne do chleachtóirí

Ceistneoir ar líne do mhúinteoirí

Ceistneoir cruachóipe do thuismitheoirí

- Bhí na **grúpaí fócais** ina mbealach bailí chun tuairimí grúpa a bhailiú ar an tionscnamh. Is féidir le hidirghníomhaíochtaí idir na rannpháirtithe léargas a thabhairt chun solais nach mbeadh le sonrú murach na grúpaí (Cohen *et al.* 2018). Aontaíodh ceisteanna agus leideanna roimh ré agus threoraigh éascaitheoirí neamhspleácha na pléite, a bhí dírithe ar rannpháirtíocht sa tionscnamh. Áirítear leis an tacar sonraí:
 - Dhá sheisiún le grúpa fócais tuismitheoirí
 - Seisiún amháin le grúpa fócais cleachtóirí
 - Seisiún amháin le grúpa fócais múinteoirí

- Sna **hagallaimh**, tugadh aitheantas do chumas gníomhaíochta na rannpháirtithe aonair agus cuireadh ar a gcumas dóibh a dtuiscint ar an tionscadal a phlé ar bhonn duine le duine. Mar a bhí amhlaidh i gcás na ngrúpaí fócais, ullmhaíodh ceisteanna roimh ré agus rinneadh na hagallaimh ar bhonn leath-struchtúrtha chun cíoradh a dhéanamh ar thuairimí na rannpháirtithe faoin rannpháirtíocht sa tionscnamh agus faoi na saincheisteanna a bhain leis. Arís eile, is iad éascaitheoirí neamhspleácha a bhí i mbun na n-agallamh. Áirítear leis an tacar sonraí:
 - Agallamh le tuismitheoirí
 - Agallamh le príomhoide
 - Trí agallamh le cleachtóirí
 - Dhá agallamh le múinteoirí.

- Grúpaí beaga/seisiúin *World Café*.⁵ Cuireadh grúpsheisiúin bheaga a bhí cosúil le fócasgrúpaí ar siúl i mí Dheireadh Fómhair 2017. Áirítear leis an tacar sonraí:
 - Ceithre ghrúpsheisiúin bheaga *World Café* leis na rannpháirtithe uile, faoi na hathruithe deiridh a bhí le déanamh ar na teimpléid
 - Seisiún éascaithe le grúpa beag de na rannpháirtithe go léir, agus an chaoi a n-úsáidtear na tuairiscí á plé.

- Aiseolas ar cheardlanna an tionscnaimh. Iarradh ar na rannpháirtithe gach ceann de na ceardlanna a mheas. Áirítear leis an tacar sonraí aiseolas ó cheithre cheardlann.

- Rannpháirtíocht na bpáistí. Baineadh úsáid as na modhanna bailithe sonraí seo a leanas i gcás na bpáistí a bhí páirteach sa tionscnamh:
 - Athbhreithniú ar chodanna an pháiste sa teimpléad tuairiscithe: Rinneadh athbhreithniú ar na codanna a líonadh isteach i leith na bpáistí sna teimpléid

⁵ Is próiseas struchtúrtha comhrá le haghaidh comhroinnt eolais é *World Café*, ina bpléann grúpaí beaga daoine ábhar éigin ag boird éagsúla, agus daoine ag athrú ó bhord amháin go ceann eile ó am go chéile agus a n-óstach ag an mbord nua ag cur an phlé roimhe sin ina láthair. Féach <http://www.theworldcafe.com/key-concepts-resources/research/>

tuairiscithe. Cuimsítear sa tacar sonraí na codanna a líonadh isteach i leith na bpáistí as na 62 tuairisc.

- Saothair ealaíne na bpáistí agus nótaí breactha orthu. Bhreac na múinteoirí nótaí ar shaothair ealaíne na bpáistí faoin aistriú go dtí an scoil. Thug na múinteoirí an deis do na páistí pictiúir a tharraingt agus scéal a insint faoin eispéireas a bhí acu agus iad ag aistriú chuig an mbunscoil. Tá 47 saothar ealaíne a bhfuil nótaí breactha orthu sa tacar sonraí.
- Taifeadadh físe a dhéanamh ar pháistí. Thug baill foirne de chuid CNCM cuairt ar dhá scoil i mí na Samhna agus ag tús mhí na Nollag 2017 chun taifeadadh físe a dhéanamh ar pháistí ina mbeirteanna nó i ngrúpaí triúir ag caint faoina dtuairimí maidir leis an eispéireas a bhí acu agus iad ag tosú ar an mbunscoil. Tá 8 bhfíseán ghearra de pháistí sa tacar sonraí.

D'fhág úsáid na modhanna measctha go raibh triantánú modheolaíochta i gceist, inar aimsíodh torthaí den chineál céanna tríd is tríd ar fud na modhanna agus na samplaí grúpa éagsúla. Lena chois sin, d'fhág sé go raibh sáithiú torthaí i gceist. Baintear sáithiú amach nuair nach dtagann léargas nua ar bith chun solais fiú nuair a chuirtear sonraí nua san áireamh agus go gcumhdaítear na hathróa go léir (Cohen *et al.*, 2018, lch 720). Is deimhin go raibh sé sin amhlaidh sa staidéar seo toisc nár tháinig aon tuairimí breise ná tuairimí easaontacha chun cinn tar éis códú agus anailís a dhéanamh ar na grúpaí fócais tosaigh agus na ceistneoirí.

Bhí an tionscadal ar bun in áiteanna éagsúla sa tír, rud a léirigh éagsúlacht an chomhthéacs áitiúil i dTiobraid Árann, i Luimneach, i Laois agus i nGaillimh.

Eitic thaighde

Deir Mukherji agus Albon (2015) gur chóir go mbeadh tábhacht lárnach ag eitic thaighde in aon tionscadal taighde agus cuireadh ardphrionsabail eitice i bhfeidhm i leith bailiú agus anailísiú sonraí sa tionscnamh seo. Caitheadh le meas agus cúirtéis le gach rannpháirtí ar feadh an tionscnaimh, tuairiscíodh a gcuid tuairimí go cruinn agus faoi lán-rún agus gealladh

gan iad a ainmniú sa mheastóireacht. Fuarthas toiliú feasach ó gach rannpháirtí. (Féach Aguisín 5 d'fhoirm thoilithe na ndaoine fásta agus Aguisín 6 d'fhoirm cheadaithe na bpáistí). Sna grúpaí fócais sonracha do na daoine fásta a bhí i gceist—tuismitheoirí, cleachtóirí agus múinteoirí—bhí saoirse ag gach grúpa a gcuid tuairimí a chur in iúl, agus ag an gceardlann deiridh bhí an deis ag cleachtóirí agus múinteoirí saincheisteanna a phlé le chéile agus astu féin.

Tá roinnt díospóireachta sa litríocht faoi leochaileacht páistí i gcomhthéacsanna taighde (Dockett, Einarsdóttir agus Perry, 2011). Mar sin féin, tugtar aitheantas anois do thábhacht na bpáistí mar ghníomhairí i dtaighde ábhartha (Harcourt agus Conroy, 2011), ar choinníoll go bhfaightear toiliú feasach ó tuismitheoirí agus cead ó na páistí féin, agus go n-úsáidtear modhanna cuí chun sonraí a bhailiú. Fuarthas toiliú tuismitheora agus cead ó na páistí i dtaobh rannpháirtíocht na bpáistí sa mheastóireacht agus úsáideadh modhanna cuí mar atá léirithe thuas.

Aghaidh a thabhairt ar theorainneacha na sonraí a úsáideadh sa mheastóireacht tosaigh

I measc na bpleananna tosaigh maidir le sonraí a bhailiú ó pháirtithe leasmhara ar daoine fásta iad chun tacú leis an meastóireacht, bhí ceistneoirí agus grúpaí fócais. Léirigh athbhreithniú ar na ceistneoirí, áfach, go raibh an t-eolas neamhiomlán, go háirithe eolas a bhain le míreanna cáilíochtúla. Chun dul i ngleic leis na bearnaí sin sna sonraí meastóireachta, eagraíodh agallaimh le daoine aonair chun iarracht a dhéanamh níos mó a fhoghlaim. Chomh maith leis sin, ba dhá ghrúpa fócais le tuismitheoirí a bhí eagraithe ar dtús, ach ós rud é nár fhreastail ach tuismitheoir amháin ar an dara grúpa fócais chinn an t-éascitheoir neamhspleách agallamh a chur ar an tuismitheoir sin ina ionad. Ina dhiaidh sin, eagraíodh an tríú grúpa fócais lena chinntiú go raibh guth na dtuismitheoirí san áireamh go hiomlán sa phróiseas meastóireachta. Ina theannta sin, mar a dúirt go leor cleachtóirí agus múinteoirí, is beag spáis a bhí leagtha amach sna teimpléid i gcomhair líníochtaí na bpáistí faoin eispéireas

a bhí acu agus iad ag tosú ar scoil agus, ina dhiaidh sin, iarradh ar pháistí i dtrí scoil pictiúir a tharraingt ar leathanaigh A4 agus bhreac na múinteoirí nótaí orthu.

Anailís ar shonraí

Bhí cuid mhór sonraí ar fáil de bharr na modhanna taighde a bhfuil cuntas orthu thuas agus glacadh cur chuige dhá chéim maidir le hanailís a dhéanamh ar na sonraí.

Céim 1

Bailiú sonraí

Bailíodh le chéile na sonraí go léir ó gach grúpa páirtithe leasmhara—tuismitheoirí, múinteoirí, cleachtóirí agus páistí—chun anailís a dhéanamh orthu.

- Ceistneoirí: Dáileadh ceistneoirí cruachóipe ar na tuismitheoirí a ghlac páirt agus cuireadh ceistneoirí ar líne ar fáil do na cleachtóirí agus na múinteoirí. Rinneadh anailís ar na torthaí faoi cheannteidil na gceisteanna sna ceistneoirí.

Grúpa	Líon na gceistneoirí a fuarthas ar ais	Líon iomlán na rannpháirtithe
Tuismitheoirí	37	62
Cleachtóirí	09	10
Múinteoirí	07	09

- Ceardlanna: Bailíodh aiseolas ar thuairimí na rannpháirtithe faoi na ceithre cheardlann. Freagraí an-dearfach a tugadh, agus ba mhór ag cleachtóirí agus

múinteoirí araon an t-ionchur ar *Aistear* agus an deis a bheith acu bualadh lena gcomhghleacaithe gairmiúla.

- Grúpaí fócais agus díospóireachtaí *World Café*: Tugtar thíos líon na ngrúpaí fócais i ngach grúpa. Rinneadh anailís orthu sin ó thaobh na gceisteanna a cuireadh, agus cuireadh i láthair i bhfoirm inste iad.

Grúpaí fócais agus díospóireachtaí <i>World Café</i>	Líon na seisiún	Topaic
Tuismitheoirí	2	Rannpháirtíocht sa tionscnamh
Múinteoirí	1	Rannpháirtíocht sa tionscnamh
Cleachtóirí	1	Rannpháirtíocht sa tionscnamh
Múinteoirí	1	Na tuairiscí a úsáid
Cleachtóirí agus múinteoirí (<i>World Café</i>)	4	Plé faoi athruithe deiridh ar na teimpléid

- Agallaimh: Seacht gcinn d'agallaimh a cuireadh ar bun. Rinneadh na taifeadtaí a thras-scríobh, rinneadh anailís orthu ó thaobh na gceisteanna a cuireadh, agus cuireadh i láthair i bhfoirm inste iad. Áirítear leis an tacar sonraí:

Grúpa	Líon na nAgallamh
Tuismitheoirí	1
Príomhoide	1
Cleachtóirí	3
Múinteoirí	2

- Líníochtaí na bpáistí: I gcomhpháirtíocht lena múinteoirí agus a gcomhghleacaithe, tharraing na páistí a ghlac páirt pictiúir agus thug siad tráchttaireacht faoina dtuairimí maidir le bogadh chuig an mbunscoil.

Scoileanna	Líon na Líníochtaí
Scoil A	16
Scoil B	19
Scoil C	12

Rinneadh anailís ar chodanna na bpáistí de na tuairiscí agus ar fhíseáin na bpáistí freisin. Mar a luadh níos luaithe, ba bheag an cúnamh a bhí sna líníochtaí ar na tuairiscí ceal spáis ach rinneadh athbhreithniú ar smaointe na bpáistí a bhí scríofa síos ag tuismitheoirí agus cleachtóirí.

Bhí na codanna neamhspleácha de na tacair sonraí éagsúla ina mbunús le haghaidh na sintéise a rinneadh i gCéim 2 agus le haghaidh cuir i láthair ag comhdhálacha agus in ailt irise amach anseo.

Céim 2

Anailís agus sintéis

Rinneadh athbhreithniú mionsonraithe ar na sonraí a bhain le gach grúpa páirtithe leasmhara agus aimsíodh na príomhtheachtaireachtaí. Déantar sintéis ar na torthaí ó na modheolaíochtaí éagsúla a úsáideadh i leith dá phríomhchatagóir páirtithe leasmhara:

- Páistí agus teaghlaigh
- Cleachtóirí agus múinteoirí

Ceisteanna taighde

Tugtar thíos na príomhcheisteanna taighde i ngach catagóir.

Catagóir 1: Páistí agus teaghlaigh

- An raibh an t-aistriú ina eispéireas dearfach do na páistí?
- An raibh feabhas ar an gcumarsáid le tuismitheoirí agus ar chomhroinnt eolais leo?
- Cé na tuairimí a bhí ag na tuismitheoirí faoin tuairisc a líonadh isteach i leith a bpáiste?
- An bhfuair tuismitheoirí eolas/tacaíocht ar bith maidir le conas cabhrú lena bpáistí a ullmhú don aistriú chuig an mbunscoil?

Catagóir 2: Cleachtóirí agus múinteoirí

- An raibh sé ina thoradh ar an rannpháirtíocht sa tionscnamh gur cothaíodh caidreamh agus cumarsáid idir múinteoirí agus cleachtóirí?
- An ndearnadh eolas gairmiúil a chomhroinnt idir cleachtóirí agus múinteoirí i dtaobh timpeallacht foghlama, an teagaisc agus an churaclaim?
- Cad a léiríonn na sonraí i dtaobh eolas scríofa a bhaineann le foghlaim agus forbairt páistí a chomhroinnt idir réamhscoileanna, scoileanna agus tuismitheoirí? Cén difríocht a rinne sé tuairisc ar an bpáiste a bheith ann? Cén chaoi ar úsáid na múinteoirí na tuairiscí?
- Cén cineál/dearadh Teimpléid Tuairisce is fearr, de réir na sonraí?

Bailíodh na sonraí agus rinneadh anailís orthu go dian, críochnúil. Bailíodh tuairimí na dtuismitheoirí, na gcleachtóirí agus na múinteoirí trí mhodhanna éagsúla agus fuarthas léargas cabhrach ó bharúlacha na rannpháirtithe éagsúla. Cuireadh san áireamh freisin tuairimí na bpáistí. Cuirfear i láthair torthaí na hanailíse ar na sonraí anois.

Cur i láthair na dtorthaí

Rinneadh anailís dhomhain ar an eolas a fuarthas ó na foinsí sonraí go léir agus tá na torthaí á gcur i láthair anseo faoi cheannteidil éagsúla a bhaineann leis na ceisteanna taighde. Déileáiltear i gCatagóir a hAon le páistí agus teaghlaigh agus déileáiltear i gCatagóir a Dó le cleachtóirí agus múinteoirí.

Catagóir 1: Páistí agus teaghlaigh

Sna chéad ghnéithe de na sonraí, breathnaíodh ar thuairimí na dtuismitheoirí faoin tionscnamh agus ar a chuid comhpháirteanna éagsúla, lena n-áirítear machnamh ar an tuairisc faoina bpáiste.

An t-aistriú a bheith ina eispéireas dearfach do pháistí agus do thuismitheoirí

Léirigh na sonraí meastóireachta go raibh na tuismitheoirí go léir an-dearfach faoin bpróiseas aistrithe agus gur mhothaigh siad gur shocraigh a bpáiste síos go héasca sa scoil toisc go raibh sé go sí breá ullmhaithe lena haghaidh. Mar a dúirt tuismitheoir amháin: *I thought the whole experience was a positive one, for us and for the child.* Bhí a lán cúiseanna leis an eispéireas dearfach sin a bhí ag na páistí. Ina measc siúd bhí na próisis sa tionscnamh, an scoil agus an réamhscoil a bheith ar an láthair chéanna, agus deartháir nó deirfiúr níos sine a bheith ag dul ag an scoil cheana. I gcás tuismitheoirí a raibh a gcuid páistí ag dul ag réamhscoileanna lasmuigh den láthair nó a raibh a gcéad pháiste ag tosú ar scoil, ní raibh deacrachtaí acu siúd ach an oiread, áfach.

Léirítear sna sonraí gur mhothaigh na tuismitheoirí go raibh deiseanna ag a gcuid páistí de bharr an tionscnaimh a fháil amach conas a bheadh 'an scoil mhór'—*it took the mystery and therefore the anxiety out of it.* Ina theannta sin, dúirt siad gur bhraith na páistí gur cruthaíodh ceangal eatarthu féin agus an scoil nua—bhí a fhios ag an múinteoir fúthu cheana féin agus bhí cuairt tugtha acu ar an mbunscoil roimh an gcéad lá.

Cumarsáid leis na tuismitheoirí agus comhroinnt eolais leo

Léiríonn na sonraí go raibh na tuismitheoirí an-sásta an deis a bheith acu freastal ar chruinnithe leis an réamhscoil agus an scoil mar thoradh ar an tionscnamh. Spreagadh na scoileanna agus na réamhscoileanna óna dtéann páistí chucu chun comhchruinniú a eagrú leis na tuismitheoirí roimh dheireadh na scoilbhliana. Bhí daoine ón scoil agus an réamhscoil araon ina gcathaoirligh ar roinnt cruinnithe agus is í an scoil a sholáthair an cathaoirleach do chuid eile acu. Bhí an cleachtóir agus an múinteoir (19/20) i láthair ag formhór na gcruinnithe. Ba mhór ag na tuismitheoirí an deis a bheith acu bualadh leis an múinteoir agus bhaineadar an-leas as an eolas praiticiúil a soláthraíodh. Bhí an-deis acu ceisteanna a chur agus a n-ábhair imní a chur in iúl. Mar a fuair na tuismitheoirí amach, *little things like the child's ability to use the toilet, learning to put on your coat, how to recognise and look after your stuff, were, in fact, more important than whether your child could count up to twenty*. Bhí imní ar roinnt tuismitheoirí go bhféadfadh sé nach raibh na scileanna réamhacadúla ag a bpáistí a bhí ag teastáil uathu, ach ba chúis faoisimh dóibh é nuair a labhair an múinteoir faoi scileanna féinchabhrach agus faoin tábhacht a bhaineann le dea-scileanna cumarsáide.

Bhí ríméad ar na tuismitheoirí an deis a bheith acu a chloisteáil céard a bheadh ar bun ag na páistí sna naíonáin shóisearacha. I gcásanna nach raibh múinteoir sannta do rang na naíonán sóisearach go fóill, ba mhaith leo an deis a bheith acu bualadh leis nó léi tráth eile. D'fháiltigh na tuismitheoirí roimh an gcomhairle a cuireadh orthu faoi ghníomhaíochtaí cuí le déanamh le linn shos an tsamhraidh agus thuairiscigh siad gur ghlac siad an chomhairle sin agus gur labhair siad faoin scoil go minic le linn an tsosa; gur léigh siad scéalta go minic agus gur chleachtaigh siad na scileanna praiticiúla a bhaineann leis an mbosca lóin a oscailt agus cótaí agus bróga a chur ort. Rinneadar cinnte de gur shiúil nó gur thiomáin siad thar an scoil chun cuidiú leis na páistí aithne a chur ar an bhfoirgneamh. Rinne siad iarracht scileanna sóisialta na bpáistí a fhorbairt trí bhualadh le páistí eile, go háirithe páistí a bheadh ag dul chuig an scoil chéanna. Tríd is tríd, léiríonn na sonraí meastóireachta go raibh na tuismitheoirí sásta gur tugadh aitheantas dá ról, gur léiríodh meas ar a gcuid tuairimí agus gur éisteadh lena n-ábhair imní le linn an tionscnaimh.

Eolas faoi fhoghlaim na bpáistí a chomhroinnt idir réamhscoileanna agus bunscoileanna

Maidir leis na tuairiscí aistrithe, léiríonn na sonraí meastóireachta go raibh na tuismitheoirí an-sásta go raibh eolas faoina bpáiste á chomhroinnt leis an múinteoir bunscoile agus go raibh iontas orthu nach raibh nósanna imeachta aistrithe i bhfeidhm roimhe sin: *As an idea it was something that should have happened years ago. You just can't understand that nobody ever thought of it.* Chuaigh na tuairiscí a fuair siad ón réamhscoil go mór i bhfeidhm ar na tuismitheoirí, go háirithe leibhéal na mionsonraí iontu agus an chaoi ar díriodh aird ar gach páiste aonair. Bhraith na tuismitheoirí gur deis a bhí ansin a fháil amach cén fhorbairt a bhí déanta ag a bpáiste sa réamhscoil agus conas a bhí sé nó sí ag réiteach le páistí eile. Ina theannta sin, thug na tuairiscí léargas inaitheanta ar an bpáiste trí shúile duine eile. Bhí na tuismitheoirí sásta ról a bheith acu i dtiomsú na tuairisce. Dúirt tuismitheoir amháin go raibh sé tábhachtach toisc go bhfuair sí amach *how I could help my child even more.*

Chuir na tuismitheoirí fáilte roimh an deis píosa a scríobh faoina bpáiste féin agus ní raibh aon imní orthu go raibh na sonraí á gcomhroinnt leis an múinteoir. Shíl gach tuismitheoir go raibh sé an-tábhachtach an t-eolas sin a chomhroinnt leis an múinteoir ionas go bhfaigheadh sé nó sí léargas ar an bpáiste ó thaobh na dtuismitheoirí de, go bhfoghlaimeodh sé nó sí faoi ábhair spéise agus láidreachtaí an pháiste agus faoi aon ábhar imní a d'fhéadfadh a bheith ag na tuismitheoirí.

Bhí cleachtadh ag roinnt tuismitheoirí ar thuairiscí aistrithe ó bhunscoileanna go hiarbhunscoileanna agus dúirt siad go raibh tuairisciú den sórt sin níos tábhachtaí fós i gcás páistí óga ós rud é gur féidir le páistí níos sine labhairt amach ar a son féin ar an dara leibhéal. Bhí na tuairiscí ní ba mhionsonraithe ná mar a bhíodhas ag súil leo agus bhí na tuismitheoirí buíoch as an méid oibre a cuireadh isteach iontu: *I did not expect it to be as detailed...it was brilliant. I couldn't believe, actually, the amount of work that had gone into it. It was evident that they knew my child very well.* Thaispeáin roinnt tuismitheoirí an tuairisc do dhaoine eile, ar nós seantuismitheoirí, agus bhí siad sásta gur léiríodh saintréithe a bpáiste féin: *I remember showing people the form and saying 'Look at this, isn't this great! It wasn't a generic reply like 'he's a confident, outgoing child'; it was very specific to the personality of the child.* Bhí tuismitheoir páiste ag a bhfuil riachtanais speisialta an-sásta gur cuireadh straitéisí in iúl don

scoil a chabhraigh lena páiste sa réamhscoil: *I thought it worked really well with her.* Ba chúis faoisimh ag na tuismitheoirí é a fheiceáil gur léigh múinteoir na naíonán an méid a bhí scríofa acu i gcuid na dtuismitheoirí den tuairisc agus gur chuidigh sé leis nó léi. Mhol tuismitheoir amháin, áfach, go bhféadfadh sé, i gcás roinnt tuismitheoirí a fuair tuairisc nach raibh chomh dearfach (mar shampla, fadhbanna beaga iompair), nach mbeidís sásta go raibh an lipéad sin á chur ar a bpáiste agus an páiste ag tosú ar scoil: *Parents might like a fresh start starting school.* Shíl tuismitheoir amháin go ndéanfadh tuairisc imlíne ar an bpáiste cúis toisc go bhfreagraíonn daoine dá chéile ar bhealaí difriúla agus go dtagann athrú ar pháistí i rith an tsamhraidh. Mhol sí freisin go gcuirfí tús leis na cuairteanna malairte idir an réamhscoil agus an scoil i mí an Mhárta nó mí Aibreáin chun na páistí a ullmhú le haghaidh an aistrithe.

Bhí tuairimí éagsúla ag na tuismitheoirí maidir leis an tábhacht a bhaineann leis na páistí a bheith páirteach i líonadh isteach na tuairisce. Mhothaigh tuismitheoir amháin go raibh sé an-tábhachtach *that the child feels involved in the whole process. After all it is all about them.* Bhí fonn mór ar roinnt páistí labhairt faoi na rudaí a theastaigh uathu a bheith ar eolas ag an múinteoir fúthu ach thuairiscigh tuismitheoirí eile nár thuig na páistí céard a bhí i gceist. Shíl siad gur mhó an tairbhe a bhí le baint as an gcuairt ar an scoil: *But they did understand when we brought them over to the class that day... This is going to be your new class now, and they did understand that.*

Tuismitheoirí ag cabhrú lena gcuid páistí chun iad féin a ullmhú don aistriú

Taispeánann na sonraí gur thug formhór na dtuismitheoirí faoi chuid de na gníomhaíochtaí a moladh faoin tionscnamh i rith an tsamhraidh. I measc na ngníomhaíochtaí ba mhinice ar tugadh fúthu bhí caint faoi dhul ar scoil, leabhair a léamh faoi thosú ar scoil, scileanna féinchabhrach a chleachtadh ar nós málaí scoile, boscaí lóin agus buidéal a oscailt agus a dhúnadh, na páistí ag triail an éide orthu, cuairt a thabhairt ar pháirceanna súgartha sa cheantar agus socrú a dhéanamh bualadh le páistí eile. Ina theannta sin, chleachtaigh roinnt teaghlach tuilleadh scileanna réamhacadúla agus bhí tóir ar chluichí boird le haghaidh spraoi

agus ó thaobh sealáíocht a dhéanamh ar a chéile. Rinneadh an-chuid spraoi smeadrála freisin, le gaineamh, uisce agus taos spraoi. Thug roinnt réamhscoileanna leabhair faoi thosú ar scoil do na teaghlaigh lena léamh sa bhaile. I gcás tuismitheoirí páistí a bhí chun dul ag Gaelscoil, labhair siad níos mó Gaeilge sa bhaile i rith an tsamhraidh mar ullmhúchán don aistriú chuig an scoil.

Tríd is tríd, bhí na tuismitheoirí ar aon intinn gur éirigh go geal amach is amach leis an tionscnamh óna dtaithí féin air agus gur cheart é a chur ar bun i ngach réamhscoil agus i ngach scoil:

Finally, just thanks a million to whoever is responsible for it [the initiative]...it was very beneficial for all the children and the parents.

Rannpháirtíocht na bpáistí

Ba é príomhchuspóir an tionscnaimh ná feabhas a chur ar eispéireas na bpáistí agus iad ag dul ar aghaidh ón réamhscoil chuig an mbunscoil, agus mar sin ba thábhachtach an rud é ionchur a fháil uathu sa mheastóireacht. Moladh réimse gníomhaíochtaí aistrithe sa tionscnamh chun feabhas a chur ar a n-eispéireas, ar nós cuairteanna ar an scoil, rudaí a bhain leis an scoil a bheith acu le spraoi leo agus mar sin de (féach Aguisín 2 le haghaidh tuilleadh eolais). Áiríodh sa mheastóireacht guth na bpáistí féin mar atá sonraithe sa chaibidil faoin modheolaíocht. Seo thíos blaisín dá gcuid tuairimí. Úsáidtear ainmneacha cleite chun rúndacht na bpáistí a chosaint. Léirigh codanna an pháiste de na tuairiscí a líonadh isteach sonraí an-suimiúil maidir le dearcadh na bpáistí sular thosaigh siad ar scoil agus léirigh na gearrthóga físe agus na saothair ealaíne a raibh nótaí breactha orthu a gcuid tuairimí faoin scoil i luathmhíonna na scoilbhliana. Is tábhachtach an rud é a mheabhrú gur chabhraigh tuismitheoirí nó cleachtóirí leis na páistí agus Cuid an Pháiste den tuairisc á líonadh isteach acu agus d'fhéadfadh sé go raibh tionchar acu siúd ar an méid a dúradh nó gur thug siad a n-insint féin ar fhocail an pháiste. Chomh maith leis sin, bhí an spás le haghaidh líníochtaí an-bheag agus mar sin níor tharraing formhór na bpáistí pictiúr ar bith ann, agus, ina gcás siúd a tharraing, ba dheacair anailís a dhéanamh ar na líníochtaí. Seo thíos blaiseadh de na tuairimí a thug na páistí ar chuid an pháiste de na tuairiscí, mar a scríobh tuismitheoirí nó cleachtóirí iad.

Tuairimí ó pháistí ar chuid an pháiste de na tuairiscí

Mothúcháin na bpáistí faoi dhul ar scoil

Bhí cuid mhaith de na páistí an-sásta go raibh siad ag dul ar scoil agus iad ag súil go mór leis, mar a luadh i gCuid an Pháiste de na teimpléid tuairiscithe i mí an Mheithimh 2017:

I am happy and excited to go to school. I love going to big school.

I measc na gcúiseanna a luadh bhí rudaí nua á bhfoghlaím, éide scoile a chaitheamh, lá níos faide a chaitheamh sa scoil agus a bheith ag spraoi le cairde nua.

I am excited about doing lots of new things.

I am excited about picking my new uniform and going to school every day.

It will be so much fun in big school because I get to stay there longer and running and play with new friends.

Léirigh cuid de na páistí go raibh beagán imní orthu cé go raibh siad ag súil le dul ar scoil, ach ní raibh imní dá laghad ar chuid eile acu:

I feel happy and a bit nervous about going to school; I am a bit nervous, a bit scared.

I'm not afraid of anything at school 'cause I can do everything.

Gníomhaíochtaí sa réamhscoil agus sa scoil

Fiafraíodh de na páistí cad a thaitin leo a dhéanamh sa réamhscoil. I measc na ngníomhaíochtaí réamhscoile a luadh sna tuairiscí mar chinn a thaitin go mór leo bhí an spraoi taobh istigh agus amuigh faoin spéir, péinteáil, líníocht, dathú, gearradh amach agus míreanna mearaí. Thaitin sé le páistí eile a bheith ag amhránaíocht, ag ceol agus ag damhsa agus thuairiscigh siad gur thaitin leabhair leo agus gur mhaith leo foghlaim conas léamh. Ní haon ionadh é go ndúirt go leor páistí gur mhaith leo a bheith ag spraoi sa scoil:

I want to play as well when I go to school.

I would like to do playtime and read books in junior infants.

Bhí páiste amháin ann, áfach, a cheap go bhféadfadh an spraoi sa scoil a bheith difriúil:

I will like playing with stuff in school. I think it will be different.

Luaigh cuid acu cad ba mhaith leo a fhoghlaim ar scoil:

I want to learn letters, numbers, reading and writing.

I want the teacher to know that I draw and paint well and that I run fast and that I am good.

Daoine fásta agus páistí tábhachtacha

Léirigh líon beag páistí go raibh brón éigin orthu faoi bheith ag fágáil slán ag an múinteoir réamhscoile, ach bhí a bhformhór imithe ar aghaidh go tapa chuig an múinteoir nua agus a gcairde scoile nua. Tharraing Jacinta pictiúr dá múinteoir agus dá cairde. Dúirt roinnt páistí:

I feel happy and sad at the same time as I will miss my teacher.

I hope I like my new teachers.

I want to play with my friends and make new friends.

Ba léir gur thábhachtach an rud é deirfiúracha nó deartháireacha a bheith imithe rompu sa scoil nó a bheith fágtha ina ndiaidh acu sa naíolann:

I feel happy to go to big new school but sad to leave the crèche where I have made lots of friends and my little brother that I love.

I am happy to be in the school with my big sisters.

Luaigh beagnach gach páiste na cairde, agus ba mhór acu a bheith gar do chairde leo agus an deis a bheith acu bheith ag spraoi leo:

I want to sit beside my friends (ainmnithe).

I like sitting with my friends.

Éide, lón agus obair bhaile

Leagadh tábhacht leis na comharthaí seachtracha i dtaobh a bheith ina bpáistí scoile agus luaigh na páistí an lón scoile, an mála scoile, an éide scoile agus an obair bhaile le meon dearfach.

I am very excited to be a big girl in my uniform.

I will have my uniform, lunch and bag.

I have my school bag and lunch box with love hearts.

Léirigh an obair bhaile a stádas nua agus bhí dlúthbhaint idir í agus an obair:

In school I am looking forward to reading and doing my homework.

I will have homework and will be working.

Bhí an chuma ar an scéal go raibh amhras éigin ar pháiste amháin: *I think I want to do homework.*

Obair ealaíne ar a raibh nótaí breactha agus fístaifeadtaí

Fuarthas a lán obair ealaíne ar a raibh nótaí breactha agus ba shuimiúil an rud é athbhreithniú a dhéanamh air. Ba léir go raibh **foirgneamh na scoile** go mór ar intinn na bpáistí agus rinneadh suntas de ina gcuid líníochtaí. Tharraing Natasha pictiúr de scoil mhór, agus deir sí gur maith léi a bheith á tarraingt. Is foirgneamh scoile mór é an ceann a tharraing Michael freisin. Deir sé: *it's very big and blue and there's loads of teachers in it.* Is breá le Maria dul go dtí an halla sa scoil toisc go ndéanann siad gleacaíocht agus go dtugann an príomhoide duaiseanna dóibh. Is díol suntais é an sonas a chuirtear in iúl sna líníochtaí a thaispeánann clós na scoile ós rud é gur léirigh roinnt tuismitheoirí go raibh siad buartha faoi chumas a bpáiste déileáil le clós na scoile. Tharraing Darren pictiúr dá chairde ag spraoi ar na sleamhnáin i gclós na scoile agus tá *lots and lots of children in the yard* sa líníocht a rinne Sasha.

Cé go ndearnadh dhá chuairt chun fístaifeadadh a dhéanamh ar agallaimh a chuir an múinteoir ar na páistí, ní bhfuarthas ábhar a d'fhéadfaí a anailísiú ach ó chuairt amháin díobh. I gcás scoil amháin bhí na páistí cúthail agus bhí drogall orthu páirt a ghlacadh san agallamh. Sa scoil eile, bhí na páistí ag labhairt faoin scoil nua a bheith níos mó, faoin lón a bheith difriúil, faoi rudaí difriúla a dhéanamh agus faoi aithne a chur ar chairde nua. Bhí trácht acu freisin ar a gcleachtóir réamhscoile, a bhíonn ag obair ar láthair na scoile, a bheith ag bualadh isteach chucu go rialta le linn na chéad seachtainí sa scoil chun cuairt a thabhairt orthu.

Catagóir 2: Cleachtóirí agus múinteoirí

Ar bhonn an eolais a fuarthas trí mheán na meastóireachta, mheas múinteoirí agus cleachtóirí gur éirigh go geal leis an tionscnamh. D'éascaigh sé don chumarsáid ghairmiúil idir cleachtóirí agus múinteoirí i gceantair áitiúla, den chéad uair ina lán cásanna, agus thug sé an deis do mhúinteoirí agus do chleachtóirí araon tuiscint níos fearr a fháil ar obair agus timpeallacht oibre a chéile. Chuir sé sin ar a gcumas do na múinteoirí pleanáil i gcomhair an ghrúpa ar leith páistí a bhí chun tosú ar scoil agus thug sé tuiscint níos doimhne dóibh ar thuairimí an pháiste faoi bheith ag tosú ar scoil. Chuidigh sé sin le gach duine a chinntiú go raibh aistriú na bpáistí ón mbunscoil ina eispéireas dearfach, dea-phleanáilte.

Caidreamh agus cumarsáid idir cleachtóirí agus múinteoirí

Is léir sna sonraí meastóireachta gur shíl na rannpháirtithe go raibh cothú an chaidrimh ghairmiúil idir réamhscoileanna agus scoileanna ar cheann de na buntáistí ba mhó a bhí ag gabháil leis an tionscnamh. Leag siad béim, go háirithe, ar an gcumarsáid dhíreach agus ar an muinín a cothaíodh idir na múinteoirí naíonán sóisearach agus na cleachtóirí. Dúirt cleachtóir amháin: *I'd never met the teacher and wouldn't even recognise her. She said she had no recollection of even ever seeing me.* Mhothaigh na cleachtóirí gur chuir na múinteoirí naíonán sóisearach an-fháilte rompu agus iad ar cuairt ar na scoileanna. Bhraith na múinteoirí agus na cleachtóirí araon gur éirigh go geal leis na naisc idir daoine a cothaíodh le linn an tionscnaimh: *I developed a good relationship with the teacher. She was very welcoming and made me feel at ease.* Fuair réamhscoil amháin litir ón mbunscoil sa cheantar ina raibh an bheannacht 'Dear Colleague' agus bhraith sí gur léiriú maith é sin ar an aitheantas gairmiúil a d'eascair as an tionscnamh. Roimh an tionscnamh, ní raibh ach trí cinn de na scoileanna agus na réamhscoileanna ag obair le chéile agus dúirt gach ceann acu gur chuir an tionscnamh leis an méid a bhí á dhéanamh acu roimhe sin. Mar shampla, cé go raibh réamhscoil amháin ar an láthair chéanna leis an scoil, ní raibh cuairt tugtha ag an múinteoir ar an réamhscoil riamh roimh an tionscnamh. Maidir leis na réamhscoileanna agus na scoileanna eile nach raibh ceangal ar bith eatarthu roimh an tionscnamh, i bhformhór na gcásanna chuir siad fáilte roimh

an deis caidreamh oibre a chothú. Luaigh duine amháin go faichilleach, áfach, nach n-éiríonn go geal le gach caidreamh idir daoine. Léiríonn na sonraí go bhfuil súil ag formhór na rannpháirtithe an caidreamh sin a chothú agus a fheabhsú feasta. Shíl príomhoide scoile a cuireadh faoi agallamh go mbeadh sé tábhachtach gach múinteoir sa scoil a bheith ar an eolas faoi thionscnaimh aistrithe amach anseo, toisc go mbíonn múinteoirí ina lán scoileanna nach iad na ranganna céanna a bhíonn acu gach uile bhliain.

Saineolas gairmiúil a chomhroinnt

Trí dhea-chaidreamh gairmiúil a chothú, cuireadh leis an muintín a bhí ag na rannpháirtithe i leithaineolais gairmiúil a chomhroinnt. Léirigh na sonraí meastóireachta gur chuir cleachtóirí agus múinteoirí fáilte roimh an deis é sin a dhéanamh le linn an tionscnaimh. Bhí deiseanna ann é sin a dhéanamh ar bhealaí éagsúla:

- 4 cheardlann lae
- Cuairteanna ar láithreacha oibre a chéile
- Tuairiscí a chomhroinnt agus athchruinnithe
- Seisiúin chomhphárteacha eolais le tuismitheoirí.

Chuir roinnt cleachtóirí an tuairim in iúl gur smaoineamh an-mhaith é gabháil don fhorbairt ghairmiúil chomhphárteach leis na múinteoirí agus gur éascaigh sé sin do phlé an-mhaith agus do chomhroinnt eispéireas le linn na gceardlann.

Mheas gach duine gur baineadh an-tairbhe as na cuairteanna ar láithreacha oibre a chéile. Bhí cleachtóirí an-sásta an deis a bheith acu cuairt a thabhairt ar an mbunscoil agus, i roinnt cásanna, grúpaí páistí a thabhairt ansin le linn an lae scoile. Bhí an deis ag na cleachtóirí agus na páistí a fheiceáil cé na gníomhaíochtaí a bhíonn ar bun ag páistí sna naíonáin shóisearacha. Dá bhrí sin, bhí tuiscint níos fearr acu ar an timpeallacht ag a mbeadh na páistí ag dul agus ar na rudaí a dhéanfaidís ansin. Dúirt múinteoir amháin gur mhothaigh sí gur chabhraigh sé leis an mbeirt acu *to develop a better understanding of the nature of each other's work*. Ba mhór ag na múinteoirí an deis a bheith acu na réamhscoileanna a fheiceáil ag feidhmiú agus labhairt leis an gcleachtóir. I measc na gcúiseanna a tugadh bhí leagan amach an seomra ranga agus

na gníomhaíochtaí atá ar fáil a fheiceáil, saothar cruthaitheach na bpáistí a fheiceáil, a fháil amach cén trealamh agus cé na bréagáin a bhí acu araon agus a fháil amach cad leis is maith leis na páistí a bheith ag spraoi. Bhí suim ag na múinteoirí a fheiceáil conas a cuireadh na páistí ina ngrúpaí agus conas a chuir na réamhscoileanna *Aistear* (CNCM, 2009) i bhfeidhm. Dúirt múinteoir amháin: *I had never visited a preschool before so it was great to get an insight into how their day is planned. I especially enjoyed seeing how their room was laid out in different areas.*

Caidreamh le tuismitheoirí

Bhí sé ar cheann d'aidhmeanna an tionscnaimh ról níos mó a bheith ag na tuismitheoirí in aistriú a bpáiste chuig an mbunscoil agus bhraith na cleachtóirí gur chothaigh an tionscnamh an caidreamh a bhí bunaithe acu le tuismitheoirí cheana féin: *We know the parents well and are working with them already.* Bhraith cleachtóir amháin gurbh fhearr an aithne a chuir sí ar na tuismitheoirí tríd an tionscnamh agus *that they had more trust in me as they were kept informed.* Dúradh freisin go bhféadfadh sé nach n-aontaíonn tuismitheoirí le tuairimí na gcleachtóirí faoina bpáiste agus go mb'fhéidir gur mhaith leo easaontas a chur in iúl. D'ardaigh sé sin ceist faoin rogha a bheith ag na tuismitheoirí ar an bhfoirm aontú nó easaontú le tuairimí an chleachtóra.

Léiríonn na sonraí gur éirigh go geal leis na cruinnithe comhpháirteacha (ag a raibh múinteoirí agus cleachtóirí araon i láthair) le tuismitheoirí chun na tuairiscí agus an t-aistriú chuig an mbunscoil a phlé. Reáchtáladh cuid de na cruinnithe sin ar maidin agus cuid eile acu sa tráthnóna, ach ní raibh sé éascú cruinnithe a chur ar an sceideal i mí na Bealtaine. I roinnt scoileanna, d'fhreastail gairmithe eile ar nós teiripeoirí cainte agus teanga ar na cruinnithe freisin. Thairg roinnt scoileanna agus réamhscoileanna athchruinnithe a chur ar bun le tuismitheoirí tar éis an chéad chruinnithe.

Gníomhaíochtaí aistrithe

Ag gach ceann de na ceithre cheardlann, díríodh ar ghnéithe éagsúla den aistriú agus den deachleachtas. Díríodh go háirithe ar *Aistear* ós rud é go mbaineann sé leis na réamhscoileanna agus le ranganna naíonán sna bunscoileanna araon. Sna sonraí meastóireachta, dúirt gach rannpháirtí gur chuir siad fáilte roimh chuir i láthair agus plé ar *Aistear*. Shíl siad go raibh tairbhe nach beag le baint as an ról sin a bhí acu sa tionscnamh. Dúirt roinnt múinteoirí gur chabhraigh sé leo tábhacht an Chreata a thuiscint agus go ndearna sé athbheochan ar roinnt gnéithe dá gcleachtas, ar nós feabhas a chur ar an timpeallacht foghlama, níos mó spraoi agus foghlama gníomhaí a bheith ann agus béim níos mó a chur ar mheasúnú foirmitheach.

Cuireadh liosta gníomhaíochtaí aistrithe molta ar fáil do na rannpháirtithe agus mhínigh formhór na gcleachtóirí sna sonraí meastóireachta gur bhain siad triail as cuid acu sin. Ina measc siúd bhí cleachtóirí a thug cuairt ar an mbunscoil leo féin, agus bhí daoine eile ann a thug na páistí ar cuairt ar an scoil, a léigh scéalta faoi dhul ar scoil agus a chuir le chéile bosca acmhainní aistrithe ina raibh rudaí a bhfuil baint acu leis an scoil. Baineadh leas as an mbosca acmhainní aistrithe chun cluichí a bhaineann leis an aistriú chuig an scoil a chur ar bun sna réamhscoileanna. Bhain roinnt páistí úsáid as súgradh drámata agus lig siad orthu féin gurb iad féin an múinteoir nó na páistí sa scoil. Thóg cleachtóir amháin grianghraif de gach páiste agus dá scoil nua agus chuir sí ar taispeáint iad ina réamhscoil féin, rud a chuir ríméad ar na páistí agus ar na tuismitheoirí. Bhí bábóg chomh mór le duine ag réamhscoil amháin, a bhí gléasta in éide scoile, agus tugadh an bhábóg sin ar cuairt ar an mbunscoil agus tógadh grianghraif sna háiteanna éagsúla. Rinne an cleachtóir leabhar de na grianghraif lena léamh sa réamhscoil sula ndeachaigh na páistí ar thuras timpeall na scoile cúpla seachtain ina dhiaidh sin chun cuairt a thabhairt ar na háiteanna céanna ag a ndeachaigh an bhábóg. D'úsáid siad an bhábóg freisin chun foghlaim faoi na codanna éagsúla den éide scoile. Rinne scoil eile 'Crann Dóchais' le duilleoga ar a raibh mianta na bpáistí agus na dtuismitheoirí i leith na bunscoile. Thug na réamhscoileanna faoi ghníomhaíochtaí éagsúla agus roghnaigh siad na cinn a bhraith siad ab fhearr a d'oir dóibh féin.

Sna sonraí, fuair cuid de na múinteoirí locht ar chur chuige a shíl siad a bhí ró-acadúil i roinnt réamhscoileanna sa tionscnamh, go háirithe maidir le hobair le huimhreacha, agus mhol siad

gur chóir do thrú páirtí plé a dhéanamh leis na cleachtóirí faoi sholáthar ní b'oiriúnaí a dhéanamh maidir le forbairt teanga ó bhéal agus forbairt meonta. Shíl siad go bhféadfaí é sin a dhéanamh níos soiléire freisin ar na teimpléid tuairisce.

Dréacht-teimpléid tuairiscithe

Léirigh na sonraí meastóireachta gur chabhraigh an tionscnamh, agus go háirithe na teimpléid tuairiscithe, comhthéacs a chruthú ina bhféadfadh na cleachtóirí agus na múinteoirí láidreachtaí an pháiste a phlé chomh maith leis na dúshláin. Bhí cleachtóirí an-sásta eolas maidir le foghlaim agus forbairt páistí a chomhroinnt le tuismitheoirí agus le múinteoirí. Bhí ceisteanna á bplé ag na cleachtóirí cheana féin le tuismitheoirí agus bhí siad sásta a bheith in ann na ceisteanna a phlé leis an múinteoir freisin toisc go raibh síniú na dtuismitheoirí acu anois lena cheadú dóibh é sin a dhéanamh. Thug roinnt cleachtóirí ar aird, áfach, nach raibh sa tuairisc ach cuid amháin den tionscnamh agus go raibh roinnt snáitheanna eile a bhí chomh tábhachtach céanna: *It was the whole scheme, not just the reports*. Shíl siad gur bhain tábhacht leis an teagmháil phearsanta idir cleachtóirí agus múinteoirí agus go dtógann sé tamall caidreamh gairmiúil a chothú. Bhí na múinteoirí an-sásta leis na tuairiscí agus bhraith siad go raibh eolas réasúnta maith acu ar na páistí a bhfuair eolas tuairiscí ina leith. Ba mhór acu freisin an deis a bheith acu comhráite breise a dhéanamh faoi na páistí. Bhain na múinteoirí úsáid as na tuairiscí ar bhealaí difriúla – chun cairde a chur sna grúpaí céanna, nó chun bréagáin arbh eol dóibh a thaitin leis na páistí a chur ar fáil dóibh an chéad lá. D'eagraigh daoine eile ábhair ina seomra ranga arbh eol dóibh a thaitin leis na páistí sa réamhscoil, ar nós gníomhaíochtaí a bhaineann leis an bhfeirm. D'úsáid go leor daoine na straitéisí ar leagadh béim orthu sna tuairiscí chun cuidiú le páistí a raibh deacrachtaí beaga acu, ar nós rud éigin ábhartha a bheith ina lámh ag páiste nach raibh sé éasca air nó uirthi suí go ciúin ag éisteacht le scéal, leabhair ina raibh pictiúir de dhamháin alla a chur i leataobh ar mhaithe le páiste a raibh eagla air nó uirthi roimh dhamháin alla, nó leideanna a thabhairt do pháiste nár mhór a mheabhrú dó nó di dul chuig an leithreas.

Bhí gach duine ar aon intinn gur mór an chumhacht a bhíonn ag teanga, agus go bhféadfadh daoine éagsúla tuiscintí éagsúla a bhaint as tuairimí scríofa sna tuairiscí. Bhí fianaise ann go raibh daoine feasach ar thionchar na chéad tuairisce sin maidir lena bheith mothálach i dtaobh na tuisceana agus an eolais a bhí ag tuismitheoirí cheana féin ar an dul chun cinn a bhí déanta ag a bpáiste i ndáil le hoideachas. Ba é an príomhphointe a rinne cleachtóirí ná gur chóir na tuairiscí a bhunú ar chumarsáid stuama le tuismitheoirí tamall maith sular ullmhaíodh an tuairisc féin ionas nár baineadh siar as na tuismitheoirí agus iad á léamh.

Pléadh an cheist maidir le teimpléid dhátheangacha nó teimpléid i nGaeilge amháin i gcás scoileanna Gaeltachta. Níor cuireadh leagan dátheangach ar fáil faoin tionscnamh, agus bhí teimpléid ar fáil i mBéarla nó i nGaeilge. Dúirt cleachtóir amháin gur maith mar a d'fheidhmigh na teimpléid i nGaeilge amháin mar go bhfuil scéim cosúil leis an tionscnamh ar bun sna scoileanna agus na réamhscoileanna Gaeltachta, a bhfuil ag éirí go geal léi (Nasc leis an mBunscoil). Shíl roinnt rannpháirtithe go raibh an friotal an-chasta agus nach raibh sé nádúrtha, go háirithe sa leagan Gaeilge de theimpléad CNCM: *Bhí an Ghaeilge an-chasta agus gan a bheith nádúrtha.*

Maidir le cuid an pháiste den teimpléad tuairiscithe, dúirt roinnt cleachtóirí nach bhféadfadh páistí a rabhthas ag plé leo sa dara teanga a gcuid mothúchán faoin scoil a chur in iúl i bhfocail agus nár oir na ceisteanna i gCuid an Pháiste dóibh.

Dúirt gach duine gur thóg sé tamall fada na tuairiscí a líonadh isteach. Tríd is tríd, thóg sé níos faide Teimpléad A a líonadh isteach ná Teimpléad B. Is léir ó na sonraí gur bhraith na cleachtóirí go raibh go leor oibre ag baint leis an tionscnamh seo agus, go háirithe, na tuairiscí a líonadh isteach agus bualadh leis an múinteoir chun iad a phlé. Bhraith siad gurbh fhaide fós an t-am a thógfadh sé dá mba rud é go mbeadh tuairiscí le hullmhú i leith gach páiste i scéim den sórt sin amach anseo. Ní bheadh an t-ualach oibre ró-dhona dá mba rud é gur líon beag páistí a bhí ag aistriú go dtí an scoil, ach bheadh cuid mhór oibre i gceist i gcás ina mbeadh suas le 20 páiste ag dul chuig an mbunscoil. B'éigean an chuid is mó den obair a dhéanamh gan íocaíocht lasmuigh de na huaireanta oibre. Dúirt cleachtóirí go gcaithfí iad a íoc as an obair sin a dhéanamh dá mba rud é go leagfaí síos gur riachtanas náisiúnta é na tuairiscí a líonadh isteach. Léiríonn na sonraí meastóireachta nár mhór am le haghaidh tuairiscí a scríobh, cruinnithe idir cleachtóirí agus múinteoirí agus tuairiscí a léamh a chur san áireamh sa lá oibre do chleachtóirí agus do mhúinteoirí araon.

Príomhphointí maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar na teimpléid tuairiscithe

Ba chuid lárnach den tionscnamh é triail a bhaint as na dréacht-teimpléid tuairiscithe de chuid CNCM. Sa seisiún deiridh den ghrúpa fócais a bhí ar siúl i mí Dheireadh Fómhair 2017, tugadh am do na cleachtóirí agus na múinteoirí chun machnamh a dhéanamh ar líonadh isteach agus úsáid na dtuairiscí sin agus comhairle a thabhairt faoi athruithe nach mór a dhéanamh orthu. Dúirt múinteoirí a raibh taithí acu faoin am sin ar an eolas sna tuairiscí a úsáid go raibh na tuairiscí an-úsáideach, agus gur thuig siad an t-achar ama a thóg sé ar na cleachtóirí réamhscoile na doiciméid a líonadh isteach agus go raibh siad buíoch as. Dúirt múinteoir amháin, áfach, gurbh fhearr léi a léargas féin ar na páistí a fháil ar dtús agus breathnú ar na tuairiscí anonn sa bhliain.

Bhí gach duine ar aon intinn gurbh í **an chuid ina ndearnadh achoimre** ar fhoghlaim agus forbairt an pháiste ar Theimpléad A agus Teimpléad B an ceann ab úsáidí sa mhéid is:

- go raibh príomhphointí gonta eolais faoin bpáiste inti
- gur tugadh léargas breise inti ar an dul chun cinn atá déanta ag an bpáiste faoi láthair
- gur aithníodh inti ábhair spéise na bpáistí agus straitéisí a bhí oiriúnach do pháistí difriúla
- go raibh cur síos inti ar bhealaí chun páistí a mhealladh lena bheith lánpháirteach i ngníomhaíochtaí
- go raibh nótaí inti faoi na rudaí a raibh deacracht ag na páistí leo.

Ba é an dearcadh a bhí ag formhór na rannpháirtithe ná gurbh achoimre leathanaigh amháin nó dhá leathanach an fhormáid ab úsáidí, ós rud é nár mhór do na cleachtóirí suas le 20 teimpléad tuairiscithe a líonadh isteach agus nár mhór do mhúinteoir 30 nó níos mó díobh a léamh. Dúradh go raibh na leathanaigh ar théamaí *Aistear* gairmiúil agus go raibh eolas úsáideach iontu ach go raibh na príomhtheachtaireachtaí á gceilt ag na mionsonraí.

- Rogha teimpléid: Ní raibh aon rogha dheimhin ann ar son teimpléad ar leith. Rinneadh na moltaí seo a leanas maidir le hathrú:
 - ba chóir na teimpléid a bheith ar fáil ar line
 - d'fhéadfaí pictiúr an pháiste a chur leis an asphrionta
 - ní mór a bheith mothálach i dtaobh an tionchair a bheadh ag "scileanna nár forbraíodh go fóill" ar thuismitheoirí agus ar pháistí
 - tá tuilleadh spáis ag teastáil le haghaidh tuairimí breise.

- **Teanga:** Rinneadh an-chuid plé faoin teanga agus an téarmaíocht a úsáideadh sna teimpléid tuairiscithe. Mheas roinnt rannpháirtithe go dtugtar aitheantas do stádas gairmiúil múinteoirí agus cleachtóirí le húsáid na téarmaíochta gairmiúla, agus shíl daoine eile go raibh an téarmaíocht ró-theicniúil do roinnt tuismitheoirí. D'fhéadfadh deacrachtaí litearthachta a bheith ag roinnt tuismitheoirí, nó d'fhéadfadh sé nárbh é an Béarla ná an Ghaeilge a dteanga dhúchais. Shíl roinnt rannpháirtithe gur chóir an teimpléad tuairiscithe agus an teanga a úsáidtear a bheith chomh simplí agus is féidir ionas gurbh fhurasta ag gach duine é a léamh.

- **Ceisteanna:** Bhí na múinteoirí agus na cleachtóirí sásta tríd is tríd leis na ceisteanna ar na teimpléid tuairiscithe ach shíl siad gur cheart ceisteanna áirithe sa dá theimpléad a athbhreithniú, mar gur measadh go raibh cuid acu nach raibh úsáideach agus gur tugadh faoi deara bearnaí eolais. Shíl na rannpháirtithe gur spreag an tuairisc na tuismitheoirí chun labhairt lena bpáiste faoi thosú ar scoil agus eolas ábhartha a thabhairt dóibh: *It is well laid out with relevant questions and prompts to assist parents filling it in. It prompts parents to speak to and listen to their child about starting school. The additional information box allows parents to pass on anything they think might be relevant.*

- **Cuid an pháiste:**

- Bhí na freagróirí sásta a fheiceáil nár mhór toiliú/cead a fháil ón bpáiste ach bhraith siad go bhféadfadh sí a bheith níos báúla don pháiste, mar shampla trí straoiseoga sona a úsáid.
- Cheap na múinteoirí go raibh an t-eolas faoi chairde na bpáistí an-úsáideach, agus gur chuir sé ar a gcumas dóibh na páistí a chur ag suí sa ghrúpa céanna lena gcairde sa seomra ranga ag tús na bliana. Mar sin féin, ós rud é nach mbeidh gach páiste ag dul chuig an mbunscoil chéanna, moladh go bhféadfaí an cheist faoi chairde a athrú ionas go bhfiafrófaí faoi chairde a bheadh ag dul chuig an scoil chéanna, agus go mbogfaí chuig cuid na dtuismitheoirí í.
- Chuir roinnt rannpháirtithe ceist céard ba bhun le pictiúr den pháiste a bheith i gcuid an pháiste ach thuairiscigh múinteoirí gur thug sé tuiscint dóibh ar scileanna oll-luaile agus scileanna líníochta an pháiste. Bhí deacrachtaí ag cuid de na páistí leis an líníocht agus fuair siad cabhair ó dheartháireacha nó deartháireacha níos sine nó óna dtuismitheoirí agus bhí daoine eile ann nár líon isteach in aon chor é. Moladh go láidir go dtabharfaí leathanach A4 do pháistí chun a rogha líníocht féin a dhéanamh dá mba mhian leo, toisc go raibh an spás a cuireadh ar fáil ar an dréacht-teimpléad ró-bheag. Tugadh leideanna chun cuidiú le páistí na pictiúir a tharraingt ach d'úsáid go leor daoine fásta iad sin mar leideanna le haghaidh ceisteanna agus bhreac siad síos a gcuid freagraí, in ionad an páiste a bheith ag tarraingt pictiúir. Níl sé soiléir cén fáth ar tharla sé sin ach bhí an spás chun an pictiúr a tharraingt an-bheag agus d'fhéadfadh sé sin a bheith ina chuid den chúis gur tarraingíodh a laghad pictiúr agus gur breacadh síos an oiread freagraí.
- Chinn an múinteoir sa réamhscoil speisialta nár oibrigh cuid an pháiste di ós rud é gur cumarsáid neamhbhriathartha a bhí ag formhór na bpáistí agus nach raibh scileanna mínluaile forbartha acu go fóill i gcomhair na líníochta. Ina áit sin, bheartaigh sí formáid dhifriúil a úsáid inar áiríodh grianghraif de na páistí i mbun gníomhaíochtaí a thaitin leo le linn na bliana, agus comhroinneadh é sin leis an múinteoir nua agus le tuismitheoirí. Ní mór roghanna mar sin i gcomhair solúbthachta agus cruthaitheachta a chur san áireamh i gcuid an pháiste den teimpléad ionas gur féidir le gach páiste páirt a ghlacadh.

- Aiseolas: Chuir cleachtóirí in iúl gur mhaith leo aiseolas ón scoil ar an gcaoi ar úsáideadh an t-eolas a cuireadh ar fáil sa teimpléad tuairisce.
- Forbairt ghairmiúil agus íocaíocht: Léiríonn na sonraí meastóireachta go n-aontaíonn na rannpháirtithe gur chóir oiliúint náisiúnta a eagrú do chleachtóirí agus do mhúinteoirí agus, mar gheall ar an achar ama a thógann sé na teimpléid tuairiscithe a líonadh isteach, nár mhór cleachtóirí a íoc as an obair sin.

Tríd is tríd, bhí na rannpháirtithe go léir—páistí, tuismitheoirí, cleachtóirí agus múinteoirí—ar aon intinn gur tionscnamh an-fhiúntach é seo agus gur chóir é a chur i bhfeidhm ar fud na tíre. Leagadh béim air arís agus arís eile nach raibh sna tuairiscí ach cuid den aistriú agus go raibh an tionscnamh iomlán tábhachtach maidir le caidreamh a chothú agus eolas faoi na páistí a mhalartú. Rinneadh roinnt moltaí maidir le formáid agus foclaíocht na dteimpléad tuairiscithe deiridh agus, mar gheall ar an méid oibre a bhaineann leis na tuairiscí sin a scríobh agus leas a bhaint astu, gur cheart socruithe cuí a dhéanamh maidir le híocaíocht as ucht na hoibre sin.

Plé ar na torthaí

Tríd is tríd, bhain gach duine agus gach dream a bhí i gceist—teaghlaigh, cleachtóirí, múinteoirí agus CNCM—an-tairbhe as an tionscnamh, agus ba thráthúil agus ba dhearfach a bhí sé. Go ginearálta, léirigh an mheastóireacht go raibh an t-aistriú ón réamhscoil chuig an mbunscoil ina eispéireas dearfach i gcás fhormhór na bpáistí. Mar sin féin, tháinig sé chun solais sa mheastóireacht go raibh a lán dúshlán i gceist i dtaobh tacú le haistrithe, agus bhí na torthaí ag teacht le torthaí ó thaighde sa tír seo agus thar lear mar atá leagtha amach in *Transition from preschool to primary school: Literature review* (O’Kane, 2016). De bharr go raibh an deis ag na rannpháirtithe páirt ghníomhach a ghlacadh in eispéiris an tionscnaimh agus casadh ar a chéile, cuireadh leis an saineolas agus an muinín a bhí acu maidir le bainistiú a dhéanamh ar an bpróiseas dinimiciúil trína n-aistríonn páistí isteach sna naíonáin shóisearacha. Tugadh an deis do na rannpháirtithe a theacht ar thuiscint úr ar phróiseas aistrithe ardchaighdeáin agus machnamh a dhéanamh ar an gcoincheap sin mar fhreagracht

chomhroinnte. Trí bhéim a chur ar an idirghníomhaíocht idir caidreamh agus freagrachtaí sa phróiseas aistrithe, d'fhoghlaim rannpháirtithe conas ceannaireacht a ghlacadh ar phróiseas aistrithe níos dearfaí agus níos éifeachtaí do pháistí agus iad ag bogadh ón réamhscoil chuig an mbunscoil.

Buntáistí agus dúshláin an tionscnaimh

Buntáistí

Caidreamh gairmiúil a chothú idir daoine

Toradh dearfach suntasach a bhí ar an tionscnamh ab ea gur cothaíodh caidreamh agus comhpháirtíocht dhéthaobhach, ar bhonn measa, idir cleachtóirí agus múinteoirí, rud a leag béim ar an gcaoi a gcomhlánaíonn na ról ghairmiúla sin a chéile. Léirigh an tionscnamh an tábhacht a bhaineann le struchtúr a chur ar fáil chun cothú a dhéanamh ar an leibhéal ceannaireachta, comhoibrithe agus cumarsáide a theastaíonn idir rannpháirtithe chun cabhrú leo a bheith ag obair le chéile agus iad araon dírithe ar fheabhas a chur ar aistriú an pháiste chuig an mbunscoil. Trí eispéiris éagsúla an tionscnaimh, thuairiscigh rannpháirtithe gur neartaíodh a muinín ghairmiúil féin trí chomhroinnt oscailte a dhéanamh ar eolas, ar scileanna agus ar an taithí chomhroinnte a bhí acu cheana féin le comhpháirtithe agus le foireann tionscadail CNCM.

Leanúnachas sa churaclam agus sa teagasc

Bhí an tionscnamh bunaithe ar roinnt príomhtheachtaireachtaí ón litríocht, agus ina measc siúd bhí an teachtaireacht go mbaintear amach torthaí dearfacha do pháistí ach díriú ar oideachas ardcháilíochta sna luathbhlianta trí ailíniú agus comhsheasmhacht sa churaclam agus sa teagasc ar fud réamhscoileanna agus ranganna naíonán. Deir O'Kane (2016 lch 11): *Aistear, the Early Childhood Curriculum Framework (CNCM, 2009) provides support to increase connections in quality experiences and learning throughout early childhood including infant classes in primary schools.* Bhí *Aistear* agus *Treoir Chleachtais Aistear Síolta* ina

ngnéithe lárnacha den fhoghlaim ghairmiúil a rinne na rannpháirtithe le linn an tionscnaimh. Is léir an méid sin sna sonraí ó rannpháirtithe sa mheastóireacht inar labhair siad faoi *Aistear* agus inar thug siad breac-chuntas ar chuid de na hathruithe a rinne siad, cosúil le feabhas a chur ar an timpeallacht foghlama, níos mó spraoi agus foghlama gníomhaí a dhéanamh agus béim níos mó a chur ar mheasúnú foirmitheach. Léiríonn na sonraí freisin gur eispéireas an-fhiúntach a bhí sna cuairteanna a thug na rannpháirtithe ar áiteanna oibre a chéile, a thug a deis dóibh foghlaim faoin timpeallacht, faoin gcuraclam agus faoin teagasc san áit eile.

Aistriú eolais trí theimpléid tuairiscithe CNCM

Bhain cuid thábhachtach den tionscnamh le triail a bhaint as na dréacht-theimpléid tuairiscithe a d'ullmhaigh CNCM. Fuarthas aiseolas an-dearfach ó thuismitheoirí agus múinteoirí araon ar na tuairiscí a gineadh leis na teimpléid, agus chuir na cleachtóirí fáilte roimh an deis comhroinnt a dhéanamh ar an eolas luachmhar a bhí acu maidir le foghlaim agus forbairt páistí. Ag teacht leis na príomhtheachtaireachtaí ón tuarascáil taighde (O'Kane, 2016), bhí fonn ar na rannpháirtithe béim a leagan air arís nach raibh sna tuairiscí ach comhpháirt amháin den phróiseas aistrithe agus gurbh é an rud ba thábhachtaí caidreamh agus meas ar a chéile a chothú. Thug rannpháirtithe a lán aiseolas úsáideach ar na dréacht-theimpléid tuairiscithe agus bainfear leas as sin chun na teimpléid a thabhairt chun críche.

An fhreagracht a bhaineann le tacú leis an aistriú a chomhroinnt idir na teaghlaigh, an réamhscoil agus an bhunscoil

Is freagracht chomhroinnte é tacú le haistrithe mar atá leagtha amach in O'Kane (2016). Tá dualgas ar theaghlaigh, ar réamhscoileanna agus ar bhunscoileanna a bheith ag obair le chéile chun tacú le páistí atá ag aistriú ón réamhscoil chuig an mbunscoil agus cuireadh béim ar an bhfreagracht chomhroinnte sin ar fud an tionscnaimh. Mar atá ráite in O'Kane (2016), tá an obair tagtha chun cinn ó dhírú díreach ar 'páiste atá ullamh i gcomhair na scoile' go dtí 'páiste ullamh', 'teaghlach ullamh' agus 'scoil ullamh'. Deirtear in O'Kane (2016, lch 13) freisin: *Parents play an important role in the transition process and should be seen as collaborators, with respectful dialogue being all-important.* Thug an tionscnamh spreagadh do chleachtóirí

agus do mhúinteoirí chun ról níos mó a thabhairt do na tuismitheoirí maidir le haistriú a bpáiste chuig an mbunscoil. Léirigh aiseolas ó na sonraí meastóireachta go raibh méadú tagtha ar idirghníomhaíocht na dtuismitheoirí le cleachtóirí agus le múinteoirí agus go raibh an idirghníomhaíocht sin an-dearfach. Tuairiscíodh gur mhór an cúnamh go háirithe iad na seisiúin chomhpháirteacha eolais maidir le béim a chur ar na scileanna agus na meonta a bhíonn ag teastáil ó pháistí chun tosú ar an mbunscoil. Chuidigh na seisiúin chun soiléiriú a dhéanamh ar chuid de na tuairimí gan bhunús a bhíonn ag daoine faoi na rudaí is gá do pháistí a bheith in ann a dhéanamh sula dtéann siad ar scoil, go háirithe i réimsí na scileanna acadúla foirmiúla (litearthacht agus uimhearthacht). Ón achoimre ar na sonraí san athbhreithniú ar an litríocht, deir O'Kane (2016, lch 10):

In terms of the key dispositions, skills and knowledge that best support children at this transition point, a good degree of consistency was identified. The focus is on social and emotional skills, communication and language skills, positive learning dispositions like independence and curiosity, and self-help skills with less focus on academic skills.

Maidir leis na tuairiscí, chuir na tuismitheoirí fáilte roimh an deis cuidiú le tuairisc a bpáiste a ullmhú agus bhí siad sásta go ndéanfaí na tuairiscí líonta isteach a chomhroinnt le múinteoir nua a bpáiste. Sna sonraí, chuir na tuismitheoirí ceist cén fáth nach raibh eolas maidir le foghlaim agus forbairt páistí á chomhroinnt roimhe sin.

Rannpháirtíocht na bpáistí sa phróiseas aistrithe

Bhí an tionscnamh dírithe ar eispéireas níos dearfaí a bheith ag páistí ó thaobh an aistrithe chuig an mbunscoil, ag teacht le taighde a rinneadh sa tír seo agus thar lear mar ar díriodh aird air san athbhreithniú litríochta a rinne O'Kane (2016). Ag obair di le daoine fásta chun tacú le haistrithe, thuig foireann tionscadail CNCM nár mhór rannpháirtíocht ghníomhach, thoilteanach an pháiste a bheith ina chuid den phróiseas. Moladh go leor gníomhaíochtaí aistrithe éagsúla ionas go bhféadfadh páistí níos mó a fhoghlaim faoin aistriú chuig an scoil; mar shampla, cuairt a thabhairt ar na scoileanna, leabhair a léamh agus plé a dhéanamh faoi dhul ar scoil, agus bréagáin a bhain leis an scoil a bheith ar fáil sa réamhscoil. Díriodh aird sa tionscnamh freisin ar bhéim a chur ar na scileanna agus na meonta atá tábhachtach i gcás

páistí – scileanna maithe cumarsáide, a bheith in ann aire a thabhairt dóibh féin agus meonta dearfacha a bheith acu i dtaobh na foghlama. Measadh go mbaineann tábhacht mhór le guth an pháiste a bheith le cloisteáil i dtaobh eispéireas an aistrithe. Mar a luaigh tuismitheoir amháin, tá sé an-tábhachtach go mbraithfeadh an páiste go bhfuil sé/sí páirteach sa phróiseas ar fad. *After all it is all about them.* Léirigh anailís ar na sonraí go raibh an chuma air go raibh na páistí sásta tríd is tríd lena n-eispéireas aistrithe agus gur shocraigh siad síos ina scoil nua.

Dúshlán

Caidreamh gairmiúil a chothú idir daoine

Cé gurbh é an toradh dearfach ba mhó ar an tionscnamh ná gur forbraíodh agus gur cothaíodh caidreamh gairmiúil, tháinig sé chun solais go raibh sé sin i measc na ndúshlán ba mhó freisin. As na deich réamhscoil, ní raibh ach trí cinn acu a raibh caidreamh eatarthu féin agus a mbunscoil chomhpháirtíochta roimh an tionscnamh. As na trí scoil sin, bhí dhá cheann acu suite ar aon láthair le bunscoil, agus is réamhscoil speisialta í an tríú ceann atá nasctha leis an scoil speisialta atá gar di. Bhí dúshlán phraiticiúla i gceist fós maidir le hobair chomhpháirteach a dhéanamh sna cásanna sin, ach ba mhó go fóill na dúshlán i gcás na réamhscoileanna agus na scoileanna nach bhfuil ar aon láthair amháin. Mar gheall nach raibh aon bhunchaidreamh ann roimh ré idir rannpháirtithe, b'éigean dóibh aithne a chur ar a chéile agus meas ar a chéile agus muinín as a chéile a chothú chomh maith le cumarsáid a bhunú eatarthu. Tharla sé sin de réir a chéile thar thréimhse an tionscnaimh, le tacaíocht ó fhoireann tionscadail CNCM, agus níorbh ionann an t-eispéireas i gcás gach rannpháirtí.

Am agus luach saothair

Léirigh an tionscnamh an méid mhór ama, fuinnimh agus tiomantais a chur na rannpháirtithe isteach lasmuigh dá gcuid gnáthuaireanta oibre le linn an tionscnaimh. Cé gur baineadh tairbhe as an ualach oibre breise sin, bhí ceisteanna ag beagnach na rannpháirtithe go léir agus imní orthu maidir le cé chomh hindéanta is a bheadh na gníomhaíochtaí aistrithe do pháistí, teagmháil bhreise le tuismitheoirí chomh maith leis an obair ar thuairiscí ina dhiaidh

sin gan maoiniú breise agus gan acmhainní a bheith á soláthar ar nós na n-acmhainní ó fhoireann tionscadail CNCM. D'éirigh leis an tionscnamh mar gheall ar an tiomantas agus an díograis a léirigh na rannpháirtithe, a thug a gcuid ama féin go fial flaithiúil chun na réimsí gníomhaíochtaí ónar eascair an próiseas dinimiciúil aistrithe a cheapadh agus chun freastal orthu.

Bhain cuid thábhachtach den tionscnamh le triail a bhaint as na dréacht-teimpléid tuairiscithe a d'ullmhaigh CNCM agus cé gur baineadh tairbhe as sin, bhí an-chuid dúshlán i gceist leis. Is tábhachtach an rud é aird a dhíriú ar an méid ama a thógann sé ar chleachtóirí na tuairiscí a ullmhú agus ar mhúinteoirí iad a léamh agus bualadh leis na cleachtóirí chun iad a phlé, agus a aithint gur cúram nach beag é sin. Cáitheadh am na múinteoirí freisin agus straitéisí á gceapadh acu chun leas a bhaint as an eolas sna tuairiscí ar mhaithe le páistí ina seomra ranga nua. Thóg sé tamall maith ar na cleachtóirí Cuid an Chleachtóra a líonadh isteach agus bainistiú a dhéanamh ar líonadh isteach Chuid an Pháiste agus Chuid an Teaghlaigh den teimpléad.

Moltaí

Agus na moltaí seo á gcur i láthair, tugann CNCM ar aird nach bhfuil i bhforbairt teimpléad tuairiscithe ach gné amháin chun tacú leis an bpróiseas aistrithe ón réamhscoil chuig an mbunscoil. Mar a luadh san athbhreithniú ar an taighde a rinne O'Kane (2016), agus trí thaithí CNCM ar an tionscnamh seo, ní féidir leis na teimpléid a bheith lán-éifeachtach ach amháin i gcomhthéacs caidreamh dearfach a bheith idir gach duine atá páirteach ann – páistí, tuismitheoirí, cleachtóirí agus múinteoirí. Go háirithe, ní mór caidreamh dearfach a chothú idir réamhscoileanna agus bunscoileanna in iarracht ar bith chun tacú le haistrithe dearfacha do pháistí óga. Tá na moltaí seo á gcur i láthair ina dhá chuid; tá an chéad chuid dírithe ar na teimpléid ar iarradh ar CNCM iad a fhorbairt, agus cuimsítear sa dara chuid sraith nithe le breithniú don chóras oideachais leathan ina dtarlaíonn an t-aistriú ón réamhscoil chuig an mbunscoil.

Na teimpléid a chur i gcrích agus tacú lena n-úsáid

- Nuair a bheidh siad curtha i gcrích, ba cheart an méid seo a leanas a bheith amhlaidh i dtaobh na dteimpléad:
 - Ní bheidh siad chomh casta is atá agus seachnófar athrá ar fud na gcodanna éagsúla
 - Beidh réimse roghanna iontu a fhéadfar a úsáid de réir rogha na réamhscoile chun freastal ar pháistí aonair
 - Beidh cuid na hachóimre níos feiceálaí
 - Beidh feabhas ar leagan amach agus dearadh Chuid an Pháiste ionas gur fearr a oirfidh sí do gach páiste
 - Beidh fáil orthu ar líne, mar aon le treoir maidir le tuairiscí a ghiniúint agus leas a bhaint as an eolas a sholáthraítear.
- Beidh gá le soláthar a dhéanamh i gcomhair am neamhtheagmhála do chleachtóirí ionas go bhféadfaidh siad tuairiscí a sholáthar agus ullmhú le haghaidh gníomhaíochtaí aistrithe.
- Ba cheart ábhair agus acmhainní ar líne a sholáthar chun tacú le réimse leathan gníomhaíochtaí aistrithe a phleanáil agus a chur i bhfeidhm.
- Ba chóir tacaíocht a chur ar fáil do thuismitheoirí sa ról atá acu maidir leis na tuairiscí a líonadh isteach.
- Ba chóir oiliúint a chur ar fáil do chleachtóirí agus do mhúinteoirí le chéile i gcomhthéacs foghlaim ghairmiúil atá comhroinnte, comhoibritheach.

Lón machnaimh níos leithne

- Ní mór aird a dhíriú ar na meonta, na scileanna agus an eolas atá tábhachtach i gcás páistí atá ag bogadh ar aghaidh chun na scoile agus iad a chomhroinnt le gach duine a

bhfuil baint acu leis an aistriú—páistí agus teaghlaigh, cleachtóirí, múinteoirí agus páirtithe leasmhara ábhartha eile.

- Ba cheart tacú le cleachtóirí agus le múinteoirí maidir le feasacht a fhorbairt i dtaobh na tábhachta agus an luacha a bhaineann le caidreamh gairmiúil eatarthu a chur ar bun, é a chothú agus é a neartú. Le himeacht ama, d'fhéadfadh an athfhorbairt leanúnach ar an gCuraclam Bunscoile, go háirithe cúrsaí a bhaineann le leanúnachas sa churaclam agus leanúnachas teagaisc ón réamhscoil go dtí an scoil, cur leis an bhfeasacht sin.
- Beidh gá le breithniú a dhéanamh i dtaobh na gcoinníollacha a ghabhann le méadú de réir scála ó thionscnamh beag mar seo chun próiseas aistrithe a chur i bhfeidhm go hiomlán i leith na bpáistí go léir a bheidh ag bogadh ón réamhscoil chuig an mbunscoil.

Focal scoir

Ba mhaith le CNCM an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil leis na páistí, na tuismitheoirí, na cleachtóirí agus na múinteoirí a ghlac páirt sa tionscnamh. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil freisin le Comhar Naíonraí na Gaeltachta as an gcúnamh a thug sé dúinn. Thug na rannpháirtithe go léir a gcuid ama agus a gcuid iarrachtaí go fial flaitiúil, agus ghlac siad páirt sa tionscnamh le tiomantas, díograis agus dea-mhéin. Ba mhaith le CNCM buíochas ar leith a ghabháil leis na scoileanna agus na réamhscoileanna as a gcúirtéis agus as an bhfáilte a chuir siad roimh na hOifigigh Oideachais a raibh siad ag obair i ndlúthpháirt leo.

Cuirfear na teimpléid tuairiscithe agus na hábhair thacaíochta a ghabhann leo ar fáil i bhfómhar na bliana 2018. Beidh an tsraith ábhar tacaíochta dírithe ar gach gné den phróiseas aistrithe, lena n-áirítear comhroinnt eolais idir réamhscoileanna agus bunscoileanna, i measc eile. Ina theannta sin, cuirfidh CNCM comhairle ar an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le cur le scála tionscnaimh bhig mar seo ionas go bhféadfar próiseas tacaíochta aistrithe a chur i bhfeidhm do pháistí a bheidh ag bogadh ón réamhscoil chuig an mbunscoil nuair a bheidh na teimpléid agus na hábhair thacaíochta ar fáil.

Tagairtí

Cohen, L., Manion, L. agus Morrison, K. (2018). *Research Methods in Education*. Londain: Routledge.

An Lárionad Oideachais agus Forbartha don Luath-Óige (2006). *Síolta, an Creat Náisiúnta um Oideachas Luath-Óige*. An Lárionad Oideachais agus Forbartha don Luath-Óige, Baile Átha Cliath

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (1999). *Curaclam na Bunscoile*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2011). *Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol*. Faighte ó https://www.education.ie/ga/Scoileanna-Col%3%A1ist%3%AD/Eolas/Litearthacht-agus-Uimhearthacht/lit_num_strat_summary_ir.pdf (níl ach an achoimre ar fáil i nGaeilge)

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2017). *Plean Gníomhaíochta don Oideachas 2017*. Faighte ó <https://www.education.ie/ga/Foilseach%3%A1in/Tuarasc%3%A1lacha-Corpar%3%A1ideacha/R%3%A1iteas-Strait%3%A9ise/Plean-Gníomhaíochta-don-Oideachas-2017.pdf>

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2018). *Plean Gníomhaíochta don Oideachas 2018*. Faighte ó <https://www.education.ie/ga/Foilseach%3%A1in/Tuarasc%3%A1lacha-Corpar%3%A1ideacha/R%3%A1iteas-Strait%3%A9ise/plean-gníomhaíochta-don-oideachas-2018.pdf>

Dockett, S., Einarsdóttir, J. agus Perry, B. (2011). 'Balancing methodologies and methods in researching with young children'. In D. Harcourt, B. Perry agus T. Waller (Eagarthóirí), *Researching Children's Perspectives*. Londain: Routledge, lgh 68-81.

Dockett, S. agus Perry, B. (2014). *Continuity of Learning: A resource to support effective transition to school and school age care*. Canberra, ACT: Roinn Oideachais Rialtas na hAstráile. Faighte ó https://docs.education.gov.au/system/files/doc/other/pdf_with_bookmarking_-_continuity_of_learning-30_october_2014_1_0.pdf

Harcourt, D. agus Conroy, H. (2011). *Informed consent: processes and procedures seeking research partnerships with young children*. In D. Harcourt, B. Perry agus T. Waller, *Researching Children's Perspectives*. Abingdon: Routledge.

Mukherji, P. agus Albon, D. (2015). *Research Methods in Early Childhood: An Introductory Guide*. 2ú hEagrán, Londain: SAGE Publications Ltd

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2009). *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige*. Baile Átha Cliath: CNCM. Faighte ó <http://www.ncca.biz/Aistear/>

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2015). *Treoir Chleachtais Aistear Síolta*. Faighte ó <http://www.aistearsiolta.ie/ga/>

Aguisín 1: Eolas do réamhscoileanna agus do scoileanna

Céard é an tionscnamh um aistriú ó réamhscoil go bhunscoil?

Tugann an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) comhairle don Aire Oideachais agus Scileanna ar cheisteanna a bhaineann leis an luath-óige, oideachas bhunscoile agus oideachas iar-bhunscoile. Mar chuid den obair seo, tá Teimpléad Tuairiscithe forbartha ag CNCM le foghlaim agus forbairt páiste a thaifeadadh agus é/í ag aistriú ó réamhscoil go bhunscoil. Is am tábhachtach é seo i saol páiste, mar is léir ón taighde, náisiúnta agus idirnáisiúnta araon.

Tá CNCM ag tabhairt cuireadh do réamhscoileanna agus do bhunscoileanna, scoil speisialta san áireamh, as Contae Thiobraid Árann, Contae Laoise agus Contae na Gaillimhe, a bheith páirteach i dtionscnamh um aistriú chun tacú le cleachtóirí agus le múinteoirí agus iad ag obair le páistí agus lena muintir agus ag cabhrú leo aistriú dearfach a bheith acu go dtí an bhunscoil. Mar chuid den tionscnamh beidh deis ann chun an dreácht-Teimpléad Tuairiscithe atá á fhorbairt ag CNCM a úsáid. Beidh béim freisin ar chaidreamh dearfach a chothú idir réamhscoileanna agus bhunscoileanna trí pháirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí agus eispéiris aistrithe chomhroinnte. Gach duine a dtéann an t-aistriú go dtí an bhunscoil i bhfeidhm orthu, beidh siad páirteach ar bhealach éigin – páistí, teaghlaigh, ionaid agus scoileanna.

Triúr ball foirne tionscnaimh de chuid CNCM a bheidh i mbun an tionscnaimh. Mary Daly agus Derek Grant a bheidh ag obair in éineacht leis na scoileanna agus réamhscoileanna i dThiobraid Árann, i Luimneach agus i Laois. Neasa Ní Chuaig, i gcomhpháirt le Pattie Stundún ó Chomhar Naíonraí na Gaeltachta, a bheidh ag obair leis na scoileanna agus réamhscoileanna i nGaillimh.

Cé na haidhmeanna atá i gceist leis an tionscnamh um aistriú?

Maidir le páistí agus teaghlaigh, is é aidhm an tionscnaimh um aistriú:

- tacú leo agus iad ag aistriú go dtí an bhunscoil
- aird a dhíriú ar ról tuismitheoirí agus teaghlach in eagrú agus tacú lena gcuid páistí agus iad ag aistriú go dtí an bhunscoil
- tuiscint ar ról agus freagrachtaí réamhscoile agus bhunscoile maidir le tacú le haistriú dearfach go dtí an bhunscoil. Beidh fócas ar leith ar 'scoileanna atá réidh'.
- iad a bheith páirteach in aistriú eolais chuig an mbunscoil. Iarrtar ar an tuismitheoir agus ar an bpáiste freisin eolas a chur ar an teimpléad agus iarrtar cead an tuismitheora go dtugtar an t-eolas ar aghaidh don bhunscoil.

Maidir le cleachtóirí réamhscoile agus múinteoirí bhunscoile, is é aidhm an tionscnaimh um aistriú:

- caidreamh dearfach, sábháilte agus measúil a chothú idir cleachtóirí agus múinteoirí
- eolas a chur ar fáil faoi aistrithe i dTreoir Chleachtais *Aistear Síolta*
- an meon, na scileanna agus an t-eolas is mó tábhacht do pháistí nuair a bhogann siad go dtí an bhunscoil a aithint agus comhthuiscint a bheith orthu

- éascú comhroinnt eolais ar an gcuraclam, cuir chuige mhúinteoireachta, acmhainní agus ar an timpeallacht foghlama idir réamhscoileanna agus bunscoileanna
- tacaíocht, treoir agus treo a thabhairt maidir le cur chun cinn straitéisí rathúla don aistriú idir réamhscoileanna agus bunscoileanna
- eolas a roinnt ar fhoghlaim agus forbairt gach páiste idir réamhscoileanna agus bunscoileanna, trí úsáid na dteimpléad tuairiscithe a d'fhorbair CNCM agus a fháil amach mar a úsáidtear an t-eolas seo sa bhunscoil
- deis a thabhairt dóibh a gcleachtas a chomhroinnt le lucht éisteachta níos leithne trí shuíomh gréasáin CNCM.

Maidir le CNCM, is é aidhm an tionscnaimh um aistriú:

- a chur ar chumas cleachtóirí agus múinteoirí bheith páirteach i dtionscnamh um aistriú
- a chur ar chumas tuismitheoirí agus páistí bheith páirteach sa tionscnamh
- a chur ar chumas cleachtóirí agus múinteoirí scéim phíolótach a dhéanamh de Theimpléad Tuairiscithe CNCM agus a úsáid a mheas ionas gur féidir bailchríoch a chur air chun é a úsáid ar bhonn náisiúnta i bhFómhar 2018
- a chur ar chumas daoine eispéiris aistrithe a roinnt le grúpa daoine níos leithne trí úsáid grianghraf, scéalta foghlama agus podchraoltaí a chuirfear ar fáil ag www.ncca.ie agus www.aistearsiolta.ie

Cad a bheidh i gceist leis an tionscnamh um aistriú do na réamhscoileanna agus don bhunscoil a bheidh páirteach?

Freastalóidh cleachtóirí agus bainisteoirí réamhscoile, in éineacht le príomhoidí bunscoile agus múinteoirí naíonán sóisearach, ar sheisiún réamheolais tráthnóna. Is in Óstán Killeshin, Port Laoise, Co. Laoise a bheidh ceann amháin de na seisiúin réamheolais ar siúl agus is in Óstán Chósta Chonamara a bheidh an ceann eile ar siúl. Déanfar cur síos ar an tábhacht atá le haistrithe rathúla, ar struchtúr an tionscnaimh um aistriú agus ar an taighde atá taobh thiar de.

I ndiaidh an tseisiúin réamheolais, is é a dhéanfaidh gach réamhscoil agus bunscoil a bheidh páirteach:

- cuairt a fháil ina réamhscoil/bunscoil ó dhuine de bhaill foirne tionscnaimh CNCM
- tuismitheoirí a chur ar an eolas faoin tionscnamh agus a gcead scríofa a iarraidh le go mbeidh a bpáistí páirteach
- Comhaontú Seirbhíse a fháil
- ligean do chleachtóirí agus do mhúinteoirí bheith páirteach i gceithre cheardlann iomlán lae

Eagrófar ceithre cheardlann lán lae do chleachtóirí réamhscoile agus do mhúinteoirí in Ionad Oideachais Bhaile Átha Luain, Co. na hIarmhí. Tabharfar deis sna ceardlanna dea-chleachtas agus straitéisí a chomhroinnt; agus bealaí a fhiosrú chun iad seo a fhorbairt a thuilleadh. I ndiaidh gach ceardlainne, déanfaidh na rannpháirtithe gníomhaíochtaí/bearta aistrithe ina réamhscoil/bunscoil féin. Tabharfaidh siad aiseolas agus comhairle ar na gníomhaíochtaí/bearta seo ag an gcéad cheardlann eile agus b'fhéidir iad a chomhroinnt le gur féidir iad a úsáid, le cead tuismitheoirí, ar shuíomhanna gréasáin CNCM.

Beidh gníomhaíochtaí/bearta, idir éigeantach agus roghnach, le déanamh le linn an tionscnaimh um aistriú.

Is cinnte go mbeidh an méid seo thíos sna gníomhaíochtaí éigeantacha:

- an príomhoide, múinteoir naíonán sóisearach. bainisteoir agus ceannaire seomra réamhscoile freastal ar an seisiún réamheolais
- an múinteoir naíonán sóisearach agus cleachtóir réamhscoile freastal ar cheithre cheardlann
- an múinteoir naíonán sóisearach ar cuairt sa réamhscoil agus an cleachtóir réamhscoile ar cuairt i seomra ranga naíonán sóisearach sa bhunscoil
- seisiún eolas teaghlaigh ar an aistriú go dtí an bhunscoil, an réamhscoil agus an bhunscoil leis an ócáid a chomheagrú
- an múinteoir naíonán sóisearach aiseolas a thabhairt ar an mbealach ar úsáid sé/sí an t-eolas a tugadh i dTeimpléid Tuairiscithe CNCM
- an ceannaire seomra réamhscoile aiseolas a thabhairt ar an eispéireas a bhí aige/aici le comhlánú agus comhroinnt Theimpléid Tuairiscithe CNCM

D'fhéadfadh sé go mbeadh an méid seo thíos sna gníomhaíochtaí roghnacha:

- páistí réamhscoile cuairt a thabhairt ar bhunscoil
- páistí bunscoile cuairt a thabhairt ar réamhscoil
- labhairt le páistí níos sine faoin aistriú go dtí an bhunscoil agus an chomhairle a thabharfaidís do na páistí a bheadh ag aistriú i Meán Fómhair
- bosca acmhainní aistriithe a fhorbairt ina mbeadh ábhair a chabhródh le tacú le páistí réamhscoile agus iad ag bogadh go dtí an bhunscoil
- leabhair scéalta a léamh agus plé ar dhul go dtí an bhunscoil
- punanna/dialanna foghlama na bpáistí a roinnt leis an múinteoir naíonán sóisearach
- spás fisiciúil an ionaid/seomra ranga a atheagrú
- aiseolas a fháil ó thuismitheoirí agus ó pháistí faoina smaointe ar an tionscnamh
- ábhar a chomhroinnt le gur féidir é a fhoilsiú (le cead thuismitheoirí) ar shuíomhanna gréasáin CNCM

Amlíne agus mionsonraí an tionscnaimh um aistriú

Gníomhaíocht mholta	Dáta	Ionad
Seisiún réamheolais tionscnaimh do Thiobraid Árann agus Laois.	Dé Máirt, 28 Feabhra 2017	Óstán Killeshin, Port Laoise
Seisiún réamheolais tionscnaimh do Ghaillimh.	1 – 13 Márta 2017	Óstán Chósta Chonamara, Bearna, Co. na Gaillimhe
Cuairt ó bhall foirne tionscnaimh CNCM	Idir an 13 Márta agus an 16 Aibreán 2017	Réamhscoileanna agus bunscoileanna
I gCeardlann 1 díritear ar chaidreamh a chothú idir réamhscoileanna agus bunscoileanna maidir le réimse an aistriithe.	Dé Luain, 13 Márta 2017	Ionad Oideachais Bhaile Átha Luain

I gCeardlann 2 fiosaítear gníomhaíochtaí/bearta le tacú le haistriú páistí go dtí an bhunscoil.	Déardaoin, 6 Aibreán 2017	Ionad Oideachais Bhaile Átha Luain
I gCeardlann 3 tugtar tús eolais ar Theimpléad Tuairiscithe CNCM agus treoir agus cabhair ar conas é a úsáid.	Dé Máirt, 9 Bealtaine 2017	Ionad Oideachais Bhaile Átha Luain
Comhlánú Teimpléid Tuairiscithe do gach páiste a bheidh ag aistriú go dtí an bhunscoil.	Deireadh Bhealtaine ⁶ 2017	Réamhscoil
Seisiún eolais do theaghlaigh	Bealtaine / Meitheamh 2017	Réamhscoil
Cleachtóir réamhscoile agus múinteoir náionán sóisearach ag bualadh le chéile le heolas a chomhroinnt ar Theimpléid Tuairiscithe.	Meitheamh 2017	Réamhscoil / bunscoil
Déanann an múinteoir náionán sóisearach athbhreithniú ar an eolas sa Teimpléad Tuairiscithe. D'fhéadfadh an múinteoir teagmháil leantach a dhéanamh leis an gcleachtóir réamhscoile le linn an chéad téarma.	Lúnasa / Meán Fómhair 2017	Bunscoil
Seisiún eolais do theaghlaigh páistí atá ag tosú sna náionáin shóisearacha	Meán Fómhair 2017	Bunscoil
Is é atá i gceist le Ceardlann 4 ná athbhreithniú, athmhachnamh agus meastóireacht ar an tionscnamh um aistriú; agus aiseolas a thabhairt ar Theimpléid Tuairiscithe CNCM.	Déardaoin, 12 Deireadh Fómhair 2017	Ionad Oideachais Bhaile Átha Luain

Cén tacaíocht a thabharfar do réamhscoileanna agus bunscoileanna chun páirt a ghlacadh sa tionscnamh?

Maidir le gach réamhscoil agus bunscoil a bheidh páirteach:

- gheobhaidh siad deontas €1000 le cois moltaí ar conas é a úsáid
- gheobhaidh siad treoir agus tacaíocht ó fhoireann tionscnaimh CNCM trí rannpháirtíocht sna ceardlanna, cuairteanna ar an suíomh agus cumarsáid ar an nguthán nó tríd an ríomhphost
- spreagfar iad le comhoibriú lena réamhscoil/bunscoil pháirtíochta chun a gcuidreamh a chothú

⁶ Aithnítear, i gcás páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, go bhféadfadh sé gur tosaíodh ag pleanáil don aistriú i bhfad níos luaithe.

- beidh tacaíocht acu ó rannpháirtithe eile a bheidh páirteach sa tionscnamh um aistriú.

Conas a roinnfear eolas ar fhoghlaim agus forbairt gach páiste idir an réamhscoil agus an bhunscoil?

Is cuid thábhachtach den tionscnamh um aistriú deis a bheith ag an réamhscoil eolas ábhartha a roinnt leis an mbunscoil faoi fhoghlaim agus forbairt gach páiste. Líonfaidh an cleachtóir réamhscoile isteach Teimpléad Tuairiscithe do gach páiste. Tá an Teimpléad Tuairiscithe nasctha le ceithre théama *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* agus tá trí chuid ann:

Cuid 1: Cuid an Chleachtóra

Cuid 2: Cuid an Teaghlaigh

Cuid 3: Cuid an Pháiste

Tabharfar treoir agus tacaíocht ar conas an Teimpléad Tuairiscithe a chomhlánú le linn an tríú ceardlann. Lena chois sin, cuirfear treoir scríofa ar fáil ar chomhlánú an Teimpléid do gach rannpháirtí. Tar éis an Teimpléad Tuairiscithe a chomhroinnt le tuismitheoir an pháiste sa réamhscoil agus an tuismitheoir é a shíniú, cuirfear é ón réamhscoil chuig an mbunscoil. Go gearr ina dhiaidh sin, beidh cruinniú duine le duine idir an cleachtóir, a chomhlánaigh cuid 1 den teimpléad, agus an múinteoir naíonán sóisearach.

Beidh deis ag an réamhscoil an Teimpléad Tuairiscithe a chomhlánú do gach páiste atá ag dul ar aghaidh go dtí an bhunscoil, is cuma cén bhunscoil atá i gceist. Ciallaíonn sé seo, má tá páiste ag aistriú chuig bunscóil nach bhfuil páirteach sa tionscnamh, gur féidir an Teimpléad Tuairiscithe a thabhairt do na tuismitheoirí agus nach seolfaidh an réamhscoil chuig an mbunscoil é.

Cén ról a bheidh ag tuismitheoirí sa tionscnamh um aistriú?

Bíonn ról lárnach ag tuismitheoirí agus ag teaghlaigh in aistriú páiste go dtí an bhunscoil agus cuirfidh CNCM faisnéis maidir leis an tionscnamh ar fáil do thuismitheoirí. D'fhéadfadh sé go n-úsáidfí grianghraif nó gearrthóga físe de pháistí agus de shamplaí dá gcuid oibre chun aiseolas a thabhairt ar an tionscnamh um aistriú ar na ceardlanna. Beidh cead scríofa tuismitheoirí de dhíth sula nglacfaidh páiste páirt sa tionscnamh um aistriú. Beidh na foirmeacha seo ar fáil ag an seisiún réamheolais.

Eagróidh gach páirtnéireacht réamhscoile agus bunscóile seisiún eolais do thuismitheoirí, le hinsint dóibh faoin tábhacht atá le haistriú rathúil agus éifeachtach go dtí an bhunscoil agus faoi úsáid an Teimpléid Tuairiscithe mar chuid de seo. I gCuid 2 den Teimpléad Tuairiscithe, beidh deis ag tuismitheoirí eolas a roinnt faoina bpáistí leis an mbunscoil. Iarrfar freisin ar thuismitheoirí an Teimpléad Tuairiscithe a shíniú sula gcuirfear ar aghaidh chuig an mbunscoil é.

D'fhéadfaí freisin roinnt ábhar a chur ar fáil chun iad a chomhroinnt ar shuíomh gréasáin CNCM. Beidh foirm toilithe ar leith ar fáil chuige seo chomh maith leis an bhfoirm toilithe a bhaineann le páirt a ghlacadh sa tionscnamh.

Cén ról a bheidh ag páistí sa tionscnamh um aistriú?

Is é an páiste an duine atá ag croí an aistrithe seo agus táthar ag tabhairt faoi gach gné den tionscnamh um aistriú ionas gur eispéireas chomh dearfach agus is féidir a bheidh ann don pháiste. Ar Chuid 3 den Teimpléad Tuairiscithe a bheidh in úsáid i gcaitheamh an tionscnaimh um aistriú, beidh deis ag an bpáiste eolas a chomhroinnt faoi na rudaí is maith leo agus nach maith leo, faoi mhothúcháin faoi dhul ar scoil agus faoi na rudaí is mian leo a dhéanamh nuair a rachaidh siad go dtí an bhunscoil. Bainfear úsáid freisin as aiseolas na bpáistí i gcaitheamh an tionscnaimh chun bonn eolais a chur faoin teimpléad.

D'fhéadfadh sé go gcuirfí grianghraif, scéalta foghlama agus podchraoltaí de pháistí ar fáil freisin lena gcomhroinnt ar shuíomh gréasáin CNCM, le toiliú tuismitheoirí agus le cead an pháiste.

Cén áit a bhfuil teacht ar thuilleadh eolais ar aistrithe ó réamhscoil go bunscoil?

Tá tuarascálacha foilsithe taighde le fáil sa rannán Luath-Óige ar shuíomh gréasáin CNCM (www.ncca.ie) a forbraíodh le tacú leis an obair ar aistriú ó réamhscoil go bunscoil. Tá roinnt ábhair i dTreoir Chleachtais *Aistear Síolta* ar aistriú ó réamhscoil go bunscoil lena n-áirítear sraith podchraoltaí de chuid an Ollaimh Sue Dockett, saineolaí ceannródaíoch domhanda ar an aistriú seo. Féach <http://aistearsiolta.ie/ga/Aistrithe/>

Chomh maith leis sin, tá leideanna tábhachtacha chun an obair seo a threorú i gCuid 4 den uirlis féinmheastóireachta um thacú le haistrithe. Féach <http://aistearsiolta.ie/ga/Tacu-le-hAistrithe-Uirlisi-Feinmheastoireachta-Breith-6-bliana-d-aois-.pdf>

Úsáidfear an dá acmhainn sa tionscnamh um aistriú.

Chun tuilleadh eolais ar an tionscnamh um aistriú a fháil, seol ríomhphost chuig Mary Daly: mary.daly@ncca.ie

Aguisín 2: Gníomhaíochtaí aistrithe a bhféadfaí tabhairt fúthu

DRÉACHT

Le haghaidh réamhscoileanna atá Tábla 1.

Le haghaidh bunscoileanna atá Tábla 2.

Le haghaidh réamhscoileanna agus bunscoileanna atá Tábla 3.

Níl i gceist anseo ach smaointe. Is féidir leat do chuid gníomhaíochtaí aistrithe féin, nach bhfuil ar an liosta, a dhéanamh más mian leat. Bain úsáid as Gné 4 den Treoir Chleachtas in uirlis féinmheastóireachta an Cholúin Aistrithe: Uirlis maidir le hAistriú chuig an mBunscoil – <http://www.aistearsiolta.ie/ga/Tacu-le-hAistrithe-Uirlisi-Feinmheastoireachta-Breith-6-bliana-d-aois-.pdf>

(Tá moltaí eile tugtha in Dockett agus Perry (2014)⁷, acmhainn thábhachtach a d'úsáid rannpháirtithe sa tionscnamh agus a ndéantar tagairt di sna táblaí thíos).

Tábla 1: Réamhscoileanna

Roghnaigh ceann amháin ar a laghad as gach grúpa

Grúpa 1: Gníomhaíochtaí
Cuir le chéile leabhair grianghraf i gcomhair na scoileanna éagsúla a mbeidh na páistí ag freastal orthu – grianghraif ina dtaispeánfar an scoil, an éide, an príomhoide, múinteoir, cúntóir riachtanas speisialta, seomra ranga, leithris, oifig, clós súgartha, halla, an áit a stórálfar cotaí agus rudaí na bpáistí, srl. agus/nó taispeántais bhalla de na scoileanna éagsúla a mbeidh na páistí ag freastal orthu, le grianghraif de na páistí a bheidh ag dul chuig gach scoil thíos fúthu, chomh maith le grianghraf den mhúinteoir
Tugadh na páistí cuairt ar sheomra ranga i rith an lae scoile agus fanaidís le haghaidh gníomhaíochta.
Tugadh na páistí cuairt ar an mbunscoil le linn am spraoi agus caithidís 10 nó 15 nóiméad sa chlós.

⁷ Baineann na huimhreacha leathanaigh go léir dá dtagraítear sa chuid seo le *Continuity of Learning: A resource to support effective transition to school and school age care* (Dockett agus Perry, 2014): https://docs.education.gov.au/system/files/doc/other/pdf_with_bookmarking_-_continuity_of_learning-30_october_2014_1_0.pdf

<p>Tabhair cuireadh do mhúinteoir naíonán sóisearach cuairt a thabhairt ar pháistí sa réamhscoil (cúpla uair) agus scéal a léamh, páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht éigin nó ceisteanna na bpáistí faoin scoil a fhreagairt.</p>
<p>Smaoinigh ar bhus a eagrú chun dul timpeall an cheantair agus tiomáint thar na scoileanna go léir a mbeidh na páistí ag freastal orthu. Is maith an smaoineamh é sin mura bhfuil fonn ar an scoil an iomarca cuairteoirí a bheith ag teacht chuici nó má tá go leor scoileanna ann ar a mbeidh na páistí ag freastal.</p>
<p>Cuairteanna fíorúla – bain úsáid as seisiún Skype le páistí i ranganna naíonán, iarr orthu an seomra ranga a thaispeáint do na páistí réamhscoile NÓ eagraigh seisiún Skype leis an múinteoir amháin ionas go mbeidh 'turas' ar an seomra ranga ag na páistí réamhscoile i gcás ina bhfuil na scoileanna ró-fhada uairbh.</p>
<p>Tugadh an dá ghrúpa cuairt ar pháirc áitiúil le haghaidh picnice</p>
<p>Eagraigh lá spóirt comhpháirteach do pháistí réamhscoile agus naíonáin shóisearacha</p>
<p>Cuireadh páistí ón réamhscoil litir (scríobhfaidh duine fásta dóibh í) chuig páistí sa bhunscoil ag cur ceisteanna faoin mbunscoil orthu, nó déanaidís an rud céanna ar Skype</p>
<p>An t-eolas a bheidh ag teastáil ón scoil fúmsa! Cuir ceist ar na páistí cad ba cheart a fhios a bheith ag an scoil fúthu, féach leathanach 37 de Dockett agus Perry (2014)</p>
<p>Cuir i láthair leabhair scéalta faoi dhul ar scoil a spreagfaidh plé. Breac síos ceisteanna agus ábhair phlé na bpáistí. D'fhéadfá a iarraidh ar na páistí smaoineamh ar rud amháin a bhfuil siad ag súil go mór leis agus rud amháin a bhfuil inní orthu faoi, b'fhéidir. Ach plé a dhéanamh faoi na difríochtaí agus na cosúlachtaí idir an réamhscoil agus an scoil, cuidítear leis na páistí breathnú chun cinn ar na hathruithe atá rompu. Pléigh conas a mhothaíonn na páistí faoi dhul ar scoil. Breac síos a gcuid smaointe. Ainmneacha difriúla (comparáid idir an scoil agus an réamhscoil). Bain úsáid as na smaointe ar leathanach 55 de Dockett agus Perry (2014) chun cabhrú leis na páistí cur lena bhfeasacht ar an gcaoi a mbeidh an scoil. Déan nótaí.</p>
<p>Grúpa 2: Timpeallacht</p>
<p>Smaoinigh ar an gcúinne baile a athrú go 'seomra ranga scoile' ar feadh tamaillín. Tabharfaidh sé sin léargas ar an gcaoi a bhfuil na páistí ag smaoineamh faoin scoil agus beidh an deis acu triail a bhaint as na ról éagsúla.</p>
<p>Cluiche scoile</p> <p>Bíodh bosca aistrithe sa seomra ranga réamhscoile ina bhfuil rudaí a dtiocfaidh na páistí trasna orthu agus iad sna naíonáin shóisearacha – cásanna pinn luaidhe, pinn luaidhe, bioróirí, scriosáin, málaí scoile, boscaí lóin, leabhair, cóipleabhair, leabhair grianghraf de na scoileanna éagsúla ar a mbeidh na páistí ag freastal. Is féidir na rudaí sin a úsáid le linn saorshúgartha agus le linn roinnt babhtaí plé faoi threoir duine fásta. D'fhéadfá babhta tobsmaointeoireachta a dhéanamh leis na páistí ar dtús chun féachaint cén cineál rudaí a d'fhéadfadh a bheith sa bhosca. Coinnigh súil ar na páistí agus breac síos a gcuid ráiteas agus iad ag saorshúgradh, agus tóg grianghraif. Breac síos tuairimí agus ceisteanna na bpáistí le linn na mbabhtaí teoraithe plé freisin. (Féach Dockett agus Perry, 2014, leathanach 33, le haghaidh tuilleadh smaointe)</p>
<p>Bíodh sampla den éide scoile agus de chulaithe reatha i gcúinne na gcultacha sa réamhscoil, agus, más féidir é, teidí nó bábóg atá chomh mór leis na páistí féin lena ghléasadh, nó d'fhéadfadh na páistí na héadaí a thriail orthu féin. Bheadh bróga reatha agus bróga scoile a</p>

dhúnann le Velcro úsáideach freisin ionas go bhféadfadh na páistí iad a thriail orthu agus a bhaint arís.
Grúpa 5: Ag obair i gcomhpháirtíocht le tuismitheoirí
Crann dóchais: úsáid smaointe ó Dockett agus Perry (2014), leathanach 53, chun iarraidh ar thuismitheoirí céard leis a bhfuil súil acu ón scoil.
Úsáid na smaointe ar leathanach 57 chun iarraidh ar thuismitheoirí trí cinn de mhianta a lua.
Úsáid na smaointe ar leathanach 68 chun iarraidh ar thuismitheoirí eolas a chur ar fáil do thuismitheoirí eile.
Úsáid na smaointe ar leathanach 27 chun comhairle a fháil i leith aistrithe agus chun féachaint chuige go bhfaighfear aiseolas ó na tuismitheoirí agus go n-úsáidfear é chun cúrsaí a fheabhsú.
Tacaigh le tuismitheoirí, agus bíodh a fhios agat go bhféadfadh sé nach bhfuil an próiseas aistrithe éasca orthu siúd ach an oiread. Déanaimid iarracht aghaidh a thabhairt ar an inmí atá orthu trína gcur ar a suaimhneas go neamhfhoirmiúil agus trí labhairt faoi na difríochtaí agus na cosúlachtaí idir an réamhscoil agus an scoil. (Cabhróidh an seisiún eolais do thuismitheoirí leis sin.)
Le toiliú (cead) na dtuismitheoirí agus nuair is cuí, pléimid aistriú na bpáistí chuig an scoil le gairmithe eile cosúil le cúntóirí riachtanas speisialta, oibríthe sóisialta srl.
Grúpa 6⁸: Riachtanais speisialta oideachais
Úsáid smaointe ó 'A new transitions and school setting for Martin' (Dockett agus Perry, 2014, lch 38) chun tacú le páiste ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais i do shuíomh féin.
Bain úsáid as smaointe ó 'We found out so much' (Dockett agus Perry, 2014, lch 50) chun cuidiú le páiste ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais leis an aistriú go dtí an scoil.
Úsáid smaointe ó 'Transition with Special Needs' (Dockett agus Perry, 2014, lch 64) chun tacú le páistí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais.
Bí ag obair le tuismitheoirí agus leis an scoil chun féachaint chuige go bhfuil acmhainní agus tacaíocht ar fáil do pháistí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais.

⁸ Tá an grúpa seo ábhartha i gcás na n-ionad óna bhfuil páistí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais ag dul ar aghaidh chun na scoile

Bunscoileanna

Roghnaigh ceann amháin ar a laghad as gach grúpa

Grúpa 1: Gníomhaíochtaí
A chinneadh tamall maith roimh ré cé a bheidh ag múineadh na naíonán sóisearach, insint do na tuismitheoirí agus don réamhscoil cé hé nó hí féin agus roinnt eolais faoin té sin a thabhairt dóibh (mar shampla, ábhair spéise – ealaín, garraíodóireacht, puipéadóireacht srl.), agus grianghraf den mhúinteoir a sheoladh chuig an réamhscoil ionas gur féidir leis na páistí é a chur le taispeántas na scoile
Comrádaí a thabhairt do pháistí: féach na smaointe faoi 'Big buddies' ar leathanach 23 agus leathanach 40 de Dockett agus Perry (2014)
Foghlaimíodh na múinteoirí focail bhunúsacha ar a laghad i dteanga bhaile an pháiste nuair is cuí agus féachaidís chuige go léiríonn na hacmhainní agus na taispeántais cultúir agus cúlraí uile na bpáistí.
Smaoineamh ar pháistí nua den lucht siúil a bheidh ag teacht i rith na bliana; féach 'Moving around' (Dockett agus Perry, 2014, lch. 43) le haghaidh smaointe
Ligean do pháistí rud a chuidíonn leis an aistriú a bheith acu leo sa scoil – an bréagán is fearr leo nó rud a thugann faoiseamh dóibh. Bíodh áit leagtha amach i gcomhair na rudaí sin.
Féachaint chuige go bhfuil an scoil réidh i gcomhair an pháiste (ag baint úsáid as an eolas sna teimpléid chun cuidiú leis sin), agus i gcomhair gach uile pháiste, agus go dtugtar am agus spás dóibh chun an t-aistriú a dhéanamh ar a luas féin.
Grúpa 2: Timpeallacht
Grianghraif den réamhscoil nó na réamhscoileanna a bheith i seomra ranga na naíonán sóisearach
Féachaint chuige go mbraitheann teaghlaigh go bhfuil fáilte rompu (póstaeir fáilte i dteangacha baile na bpáistí, cúpla focal a bheith agat i dteanga bhaile an pháiste, roinnt leabhar i dteanga bhaile an pháiste a bheith agat, srl.) Féach 'More than one language' (Dockett agus Perry, 2014, lch. 69) maidir leis an tábhacht a bhaineann le teangacha baile páistí.
Balla teaghlaigh a bheith ann ar a bhfuil grianghraif de theaghlaigh, peataí srl.
Féachaint chuige go bhfuil a fhios ag na páistí cá bhfuil rudaí – féach 'If you don't know you'll be sad' (Dockett agus Perry, 2014, lch 75). Féach freisin an podchraoladh faoi leithris le Sue Dockett sa chuid <i>Samplaí agus Smaointe don Chleachtas</i> i gcolún na nAistrithe sa Treoir Chleachtas <i>Aistear Síolta</i> : http://aistearsiolta.ie/ga/Aistrithe/
Leagan amach an tseomra ranga a athrú ionas gur áit chomh strainséartha do na páistí é – roinn ina limistéir spéise é, agus laghdaigh líon na mbord agus na gcathaoireacha ann.

<p>An seomra ranga a bheith níos gníomhaí. Féach ar an bpodchraoladh faoin aistriú chuig an mbunscoil agus faoi go mbítear ag súil leis go mbeidh na páistí ag suí chun boird ar feadh tréimhsí fada sa Rannóg <i>Samplaí agus Smaointe don Chleachtas</i> i gcolún na nAistrithe sa Treoir Chleachtais <i>Aistear Síolta</i>: http://aistearsiolta.ie/ga/Aistrithe/</p>
<p>Ceangal a dhéanamh le féiniúlachtaí cultúrtha na bpáistí – acmhainní, taispeántais agus eispéiris, mar shampla.</p>
<p>Grúpa 3: Spraio agus forbairt iomlánaíoch</p>
<p>Spraio faoi threoir na bpáistí a dhéanamh chun tacú leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim trí níos mó idirghníomhaíochtaí spraíúla a úsáid i rith an lae.</p>
<p>Díriú ar fholláine, ar fhéiniúlacht agus muintearas, ar chumarsáid agus taiscéalaíocht agus smaointeoireacht (foghlaim chomhtháite, iomlánaíoch)</p>
<p>Níos lú úsáide a bhaint as leabhair oibre – féach an podchraoladh faoi leabhair oibre le Sue Dockett sa chuid <i>Samplaí agus Smaointe don Chleachtas</i> i gcolún na nAistrithe sa Treoir Chleachtais <i>Aistear Síolta</i>: http://aistearsiolta.ie/ga/Aistrithe/</p>
<p>Grúpa 4: Guth na bpáistí a chur san áireamh</p>
<p>Fiafraí de naíonáin shóisearacha na bliana seo conas a mhothaigh siad agus iad ag teacht chun na scoile – cé na rudaí a thaitin go mór leo agus cé na rudaí a cheap siad a bhí deacair? D'fhéadfadh na páistí léiriú amhairc a dhéanamh ar conas a bhí an chéad lá ar scoil agus píosa cainte a dhéanamh faoi sin. Ba cheart do dhuine fásta a gcuid smaointe a bhreacadh síos. (Beidh an ghníomhaíocht sin le déanamh arís i mí Mheán Fómhair leis an ngrúpa nua páistí ón réamhscoil.)</p>
<p>Fiafraí de pháistí sna hardranganna cad ba mhaith leo a insint don ghrúpa páistí atá ag teacht isteach – tugann sin tuiscint don pháiste ar cén sórt áite í an scoil agus cad nach mór a fhios a bheith ag na páistí fúithi.</p>
<p>Páistí níos sine a theacht ar cuairt ar an réamhscoil chun a insint do na páistí faoin scoil.</p>
<p>Aiseolas a fháil ó pháistí ar chuid an pháiste den teimpléad tuairiscithe.</p>
<p>Grúpa 5: Ag obair i gcomhpháirtíocht le tuismitheoirí</p>
<p>Faigh amach faoi mhianta na dteaghlach agus na dtuismitheoirí dá gcuid páistí (féach Dockett agus Perry, 2014, leathanach 53 agus leathanach 57 le haghaidh smaointe)</p>
<p>Bíodh sé bheartas agaibh go bhfuil fáilte roimh na tuismitheoirí agus go bhfuil meas ar a dtuairimí, tabhair an deis do na tuismitheoirí eolas a chomhroinnt. Tacaigh le tuismitheoirí, agus bíodh a fhios agat go bhféadfadh sé nach bhfuil an próiseas aistrithe éasca orthu siúd ach an oiread.</p>
<p>Mínigh ról an mhúinteora atá i bhfeighil Teagmhála Baile, Scoile agus an Phobail (TBSP) (féach Dockett agus Perry, 2014, leathanach 21 le haghaidh smaointe faoi nascadh leis an bpobal)</p> <p>Tugadh an múinteoir TBSP cuairt ar na réamhscoileanna in ionad múinteora má tá na múinteoirí fós le sannadh, nó tugadh an té sin cuairt orthu i gcuideachta an</p>

<p>mhúinteora. Déan cinnte de go bhfuil an múinteoir TBSP ann chun cuidiú le páistí agus tuismitheoirí ar feadh na chéad chúpla lá scoile i mí Mheán Fómhair.</p>
<p>Bíodh seisiún eolais do thuismitheoirí agaibh amach i mí Mheán Fómhair nó i dtús mhí Dheireadh Fómhair chun insint do na tuismitheoirí faoin gcuraclam agus faoin gcaoi a bhfuil ag éirí lena gcuid páistí agus/nó cuir glao teileafóin ar na tuismitheoirí lena rá leo conas a bhraitheann an scoil atá ag éirí leis an bpáiste agus tuairimí na dtuismitheoirí a iarraidh, go háirithe i gcás tuismitheoirí nach dtugann cuairt rialta ar an scoil.</p>
<p>Bíodh bealaí éagsúla ann chun bheith i dteagmháil leis na tuismitheoirí le linn na chéad scoilbhliana ionas go mbraitheann siad gur cuid de phobal na scoile iad – maidin chaife a eagrú le linn na chéad seachtaine, cuireadh a thabhairt do na tuismitheoirí cabhrú le <i>Aistear</i> i rith na bliana, cuireadh a thabhairt do na tuismitheoirí teacht isteach ar cuairt, peata a thabhairt isteach, scil a chomhroinnt nó labhairt faoina gcultúr féin, dul ar thurais, rang Gaeilge a chur ar bun do thuismitheoirí na bpáistí i scoileanna lán-Ghaeilge (mura bhfuil Gaeilge acu féin) srl.</p>
<p>Iarr ar thuismitheoirí aiseolas a thabhairt ar an bpróiseas aistrithe sa scoil (bain úsáid as leathanach 27 le haghaidh smaointe)</p>
<p>I gcás bunscoileanna lán-Ghaeilge, cuir eolas ar fáil faoin tumoideachas (go háirithe sa chéad dá bhliain – má roghnaíonn siad an Béarla a fhágáil go dtí níos déanaí), cuir bileoga leideanna agus comhairle ar fáil faoi conas tacú leis an nGaeilge sa bhaile</p>
<p>Grúpa 6⁹: Riachtanais speisialta oideachais</p>
<p>Úsáid smaointe ó 'A new transitions and school setting for Martin' (Dockett agus Perry, 2014, lch 38) chun tacú le páiste ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais i do shuíomh féin.</p>
<p>Bain úsáid as smaointe ó 'We found out so much' (Dockett agus Perry, 2014, lch 50) chun cuidiú le páiste ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais leis an aistriú go dtí an scoil.</p>
<p>Úsáid smaointe ó 'Transition with Special Needs' (Dockett agus Perry, 2014, lch 64) chun tacú le páistí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais.</p>
<p>Bí ag obair le tuismitheoirí agus leis an scoil chun féachaint chuige go bhfuil acmhainní agus tacaíocht ar fáil do pháistí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais.</p>

⁹ Tá an grúpa seo ábhartha i gcás na n-ionad óna bhfuil páistí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais ag dul ar aghaidh chun na scoile

Gníomhaíochtaí comhpháirteacha – réamhscoileanna agus bunscoileanna

(ba cheart tabhairt faoi gach gníomhaíocht)

Gníomhaíocht	Ainm na réamhscoile agus na scoile
<p>A bheith ag obair i bpáirt le chéile chun tuiscint níos fearr a fháil ar churaclam a chéile ionas gur fearr an leanúnachas foghlama a bheidh ag na páistí (féach Dockett agus Perry, 2014, lch 74 le haghaidh smaointe). Cuirteanna ar a chéile srl.</p> <p>Féach 'The pedagogical chat', lch 77, le haghaidh smaointe maidir le punanna agus scéalta foghlama a chomhroinnt.</p> <p>Punanna foghlama/leabhair urláir churaclaim a chomhroinnt – labhraíodh na páistí leis an múinteoir mar gheall orthu</p>	<p>GACH réamhscoil agus scoil</p>
<p>Seisiún comhpháirteach eolais do na tuismitheoirí Cuir le chéile Paca Tionscnaimh do na tuismitheoirí – ina mínítear an próiseas aistrithe agus úsáid an eolais faoina bpáiste, agus ina luaitear smaointe praiticiúla cosúil le bileoga leideanna CNCM, eolas faoin tumoideachas trí mheán na Gaeilge, smaointe i gcomhair tuismitheoirí na bpáistí atá ag foghlaim Béarla mar theanga bhreise srl.</p>	<p>GACH réamhscoil agus scoil</p>
<p>Comhroinn an tuairisciú iomlán leis na tuismitheoirí</p>	<p>Gach réamhscoil</p>
<p>Bailigh aiseolas ó thuismitheoirí maidir le cuid na dtuismitheoirí a líonadh isteach agus freisin maidir leis an eolas atá sna teimpléid a líonadh isteach.</p>	<p>Gach réamhscoil</p>
<p>Aiseolas a thabhairt do na réamhscoileanna agus CNCM maidir leis an gcaoi ar úsáid siad an t-eolas sna teimpléid, agus a bheith i dteagmháil leo sa chéad chuid den téarma.</p>	<p>Gach scoil agus réamhscoil</p>

Aguisín 3: Treoir maidir le tuairiscí a ghiniúint

Dréacht

Mar chuid den *Tionscnamh um Aistriú ó Réamhscoil go Bunscoil 2017*, baineadh triail as dréacht-teimpléid chun tuairiscí a ullmhú lena gcomhroinnt le tuismitheoirí agus le múinteoirí naíonán sóisearach. Ní mór cothromaíocht a bhaint amach idir tuairisc chuí a thabhairt ar fhoghlaim agus forbairt an pháiste agus eolas gonta, ábhartha a bheith ar fáil don mhúinteoir. Cuir tú féin i riocht an mhúinteora: *cén t-eolas a theastaíonn uaim chun tacú le gach páiste a thagann isteach i mo sheomra ranga?*

Tá súil againn go soláthrófar an t-eolas sin sna tuairiscí a réiteofar trí mheán na ndréacht-teimpléad trí mheonta, luachanna agus dearcadh an pháiste, agus na scileanna, an t-eolas agus an tuiscint atá aige nó aici, a leagan amach faoi cheithre théama *Aistear* agus iad a nascadh le hábhair an churaclaim bunscoile. Tá sé tábhachtach an t-eolas faoi pháiste a bhunú ar fhianaise – an féidir leat seasamh leis an méid atá á rá agat le grianghraif, tuairimí nó nótaí? Baintear leas sna tuairiscí as cur chuige bunaithe ar láidreachtaí, a chuimsíonn láidreachtaí agus ábhair spéise an pháiste chomh maith le réimsí ina bhféadfadh sé/sí leas a bhaint as tacaíocht bhreise.

Tá dhá dhréacht-teimpléad tuairiscithe éagsúla ann—A agus B. Tá codanna an pháiste agus an teaghlaigh mar an gcéanna sa dá theimpléad agus tá cuid an chleachtóra difriúil. Bainfear úsáid as aiseolas, moltaí agus meastóireacht ag deireadh an tionscnaimh chun bonn eolais a chur faoi chinntí ar cibé an teimpléad A nó teimpléad B is ceart a chur i gcrích chun eolas faoi fhoghlaim na bpáistí a aistriú idir na réamhscoileanna agus na bunscoileanna. Iarrfar ort aiseolas a thabhairt a bhaineann leis na réimsí seo a leanas:

Na teimpléid a bheith **intuigthe** – an furasta na ráitis/na leideanna/na treoracha a thuiscint? An gá athbhreithniú a dhéanamh ar an réim teanga? An mbeadh ábhar tacaíochta ina chúnamh? Más rud é go mbeadh, cén cineál ábhair?

Iad a bheith **inúsáidte** – cé chomh furasta is atá sé ag cleachtóirí/tuismitheoirí/páistí na teimpléid a líonadh isteach? Cé chomh húsáideach do mhúinteoirí is atá an t-eolas a thairfeadtar sna teimpléid, chun cabhrú leo ullmhú le haghaidh theacht na naíonán sóisearach nua?

Iad a bheith **soláimhsithe** – cé chomh soláimhsithe is atá na teimpléid? Cé chomh fada is a thógann sé na teimpléid a líonadh isteach i leith páiste amháin? Cad iad na dúshláin, más ann dóibh, atá roimh chleachtóirí i dtaobh maoirsiú a dhéanamh ar líonadh isteach chodanna an pháiste agus an teaghlaigh?

Ar mhaithe leis na ceisteanna sin a fhreagairt, iarrtar ar chleachtóirí an dá theimpléid a úsáid. Bain úsáid as Teimpléad A i gcomhair leath na bpáistí agus Teimpléad B i gcomhair na bpáistí eile. Tabharfaidh sé sin an deis don mhúinteoir naíonán sóisearach an t-eolas as Teimpléad A agus Teimpléad B araon a úsáid agus fágfaidh sé gur féidir leis an múinteoir comparáid a dhéanamh idir a úsáidí is atá an dá cheann.

Dréacht-Teimpléid Tuairiscithe A agus B

Cuid 1

Sa chéad leathanach, iarrtar ort eolas cúlra an pháiste a bhreacadh síos, mar aon le hainm na scoile a mbeidh an páiste ag dul chuici.

Ainm an pháiste:	
Dáta breithe:	
Inscne:	
Ainm agus seoladh na bunscoile a bhfuil an páiste ag aistriú chuici:	

Ainm agus seoladh na réamhscoile:	Uimhir fóin theagmhála:
Teagmhálaí:	Dáta:

Achoimre ar fhoghlaim agus ar fhorbairt an pháiste atá sa dara leathanach agus níl sé le líonadh isteach go dtí go mbeidh an chuid eile de Chuid 1 líonta isteach. Toisc go mbaintear

leas sna tuairiscí as cur chuige atá bunaithe ar láidreachtaí, cuimsítear san achoimre láidreachtaí agus ábhair spéise an pháiste chomh maith le réimsí ina bhféadfadh sé nó sí leas a bhaint as tacaíocht bhreise. Sa chuid seo, déan achoimre ar láidreachtaí agus ábhair spéise shuntasacha an pháiste, bunaithe ar an eolas sa chuid eile den tuairisc. *Cad is maith leis an bpáiste a dhéanamh? An bhfuil ábhair spéise ar leith ag an bpáiste a d'fhéadfadh cabhrú leis nó léi socrú síos agus foghlaim sa scoil – dineasáir, feirmeoireacht, roicéid?* Is achoimre í an chuid seo freisin ar ghníomhaíochtaí a chuireann dúshlán an pháiste, a sheachnaíonn sé nó sí nó a mbíonn deacrachtaí aige nó aici leo. Is tábhachtach an rud é léargas iomlán a thabhairt ar fhoghlaim an pháiste agus tá an deis ann sa chuid seo réimse nó réimsí a lua lena bhfuil deacracht aige nó aici. Luaigh na straitéisí atá aimsithe agat chun cuidiú leis an bpáiste, mar shampla, má fhaigheann páiste é deacair aistrithe a dhéanamh, an cúnamh é amhrán a chasadh? I gcás páiste a mbíonn deacracht aige nó aici éisteacht leis an scéal, an bhfágfar níos éasca ag an bpáiste é díriú isteach air má thugtar rud éigin dó nó di a bhfuil baint aige leis an scéal?

Achoimre ar fhoghlaim agus ar fhorbairt an pháiste¹⁰	
Achoimre ar bhuanna agus réimsí spéise an pháiste	<i>Croí-eolas don mhúinteoir nua (straitéisí a chabhraigh leat tacú le foghlaim agus forbairt an pháiste)</i>

¹⁰ An leathanach seo le líonadh isteach tar éis don chuid eile den tuairisc a bheith líonta.

Gníomhaíochtaí atá dúshlánach nó deacair ag an bpáiste faoi láthair, nó a sheachnaíonn sé/sí.	Croí-eolas don mhúinteoir nua (<i>straitéisí a chabhraigh leat tacú le foghlaim agus forbairt an pháiste</i>)

Cuid 1: Foghlaim agus forbairt an pháiste (Cuid an chleachtóra)

Is í seo an t-aon chuid nach mar a chéile í i dTeimpléad A agus Teimpléad B. Mar sin féin, déantar nasc sa dá Theimpléad le ceithre théama *Aistear – Folláine agus Leas, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid, agus Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht* – agus le réimsí curaclaim an churaclaim bunscoile (*Matamaitic, Teanga, Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta, Oideachas Ealaíon, Corpoideachas agus Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte*). Leis sin, cruthaítear nasc idir eispéiris an pháiste sa réamhscoil agus a bhfuil roimhe nó roimpi sna naíonáin shóisearacha.

Teimpléad A

I dTeimpléad A, tugtar ceithre bhosca inste duit agus iarrtar ort cur síos a dhéanamh ar mheonta¹¹, ar luachanna agus dearcadh, ar scileanna, ar eolas agus ar thuiscint an pháiste maidir le ceithre théama *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige*. Is iad na téamaí ná *Folláine agus Leas, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid agus Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht*.

¹¹ Is é is meon ann ná é a bheith de nós ag an bpáiste freagairt don chás ina bhfuil sé nó sí ar bhealaí áirithe. Is patrún iompraíochta a bhíonn le feiceáil go minic ón bpáiste atá ann, mar shampla, fiosracht, neamhspleáchas, buanseasmhacht, teacht aniar.

Agus na boscaí á líonadh isteach agat ba cheart duit tagairt a dhéanamh d'aidhmeanna agus spriocanna foghlama na dtéamaí agus don fhianaise atá bailithe agat i rith na bliana maidir le foghlaim agus forbairt an pháiste. Go háirithe, smaoinigh ar na nithe seo a leanas i leith an pháiste:

- **Meonta:** mar shampla, fiosracht, aird, neamhspleáchas, teacht aniar agus buanseasmhacht
- **Dearcadh agus luachanna:** mar shampla, meas orthu féin agus ar dhaoine eile, aire a thabhairt don timpeallacht, agus dearcadh dearfach maidir leis an bhfoghlaim agus an saol
- **Scileanna:** mar shampla, scileanna mínluaile agus scileanna oll-luaile, scileanna sóisialta, scileanna maidir le fadhbanna a réiteach
- **Eolas agus tuiscint:** mar shampla, rudaí a rangú de réir dathanna agus méide, 'rialacha' foghlama chun idirghníomhú le daoine eile, fáil amach faoi dhaoine sa phobal, agus an tuiscint go bhfuil brí le focail.

Cuir síos ar mheonta¹², luachanna, dearcthaí, scileanna, eolas agus tuiscint an pháiste maidir le ceithre théama Aistear, Creatchuraclam na Luath-Óige – Folláine agus Leas, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid, Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht.

Baineann téama **Aistear Folláine agus Leas** le páistí a bheith muiníneach, sona agus sláintiúil. Tá an curaclam iomlán bunscoile bainteach le folláine páiste, ach tá nasc ar leith ag an téama seo le hOideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS), Oideachas Ealaíon (Amharcealaíona, Ceol, Drámaíocht) agus Corpoideachas.

¹² Is é is meon ann ná é a bheith de nós ag an bpáiste freagairt don chás ina bhfuil sé/sí ar bhealaí áirithe. Patrún iompraíochta a bhíonn le feiceáil go minic ón bpáiste atá ann, e.g. fiosracht, neamhspleáchas, buanseasmhacht.

Baineann téama *Aistear Féiniúlacht agus Muintearas* le páistí ciall dhearfach de cé hiad féin a fhorbairt, agus a bhrath go dtugtar luach agus meas orthu mar chuid de theaghlach agus pobal. Tá nasc ag an téama le hOideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS), Oideachas Ealaíon (Amharcealaíona, Ceol, Drámaíocht) agus Teanga (Gaeilge, Béarla) i gcuraclam na bunscoile.

Sa chuid seo den teimpléad freisin, tá boscaí i gcomhair na dtéamaí eile atá in *Aistear: Cumarsáid agus Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht*.

Teimpléad B

I dTeimpléad B, úsáidtear ráitis a bhaineann le gach ceann de théamaí *Aistear*. Cuir tic sa bhosca is oiriúnaí don pháiste i ndáil le gach ráiteas agus roghnaigh: '*beagnach i gcónaí*' nó '*uireanta*' nó '*ní fós*'. Tugtar samplaí idir lúbíní ach ní chuimsítear iontu réimse na dtéamaí; níl iontu ach samplaí chun an smaointeoireacht a spreagadh ionat féin. Ag deireadh gach téama, tá spás inste le haghaidh tuairimí breise.

Ar an leathanach deiridh i gCuid 1 (Teimpléad A agus Teimpléad B), breathnaítear ar thinreamh agus poncúlacht an pháiste. Tá siadsan san áireamh sa tuairisc lena léiriú do na tuismitheoirí an luach a bhaineann le tinreamh rialta agus a bheith in am. Rud is tábhachtach, ag deireadh an leathanaigh sin iarrtar ar an tuismitheoir toiliú scríofa a thabhairt ionas go bhféadfar an tuairisc a sheoladh chuig an mbunscoil. Níor cheart go n-iarrfaí ar an tuismitheoir an chuid sin a shíniú go dtí go mbeidh cuid a haon, agus í líonta isteach, tugtha dóibh. Ba cheart cóip den tuairisc, agus í líonta isteach, a thabhairt do na tuismitheoirí freisin.

Cuid SHAMPLACH ó Theimpléad B

Baineann téama *Aistear Folláine agus Leas* le páistí a bheith muiníneach, sona agus sláintiúil. Tá an curaclam iomlán bunscoile bainteach le folláine páiste, ach tá nasc ar leith ag an téama seo le hOideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS), Oideachas Ealaíon (Amharcealaíona, Ceol, Drámaíocht) agus Corpoideachas.



	Beagnach i gcónaí	Uaireanta	Níl go fóill
<ol style="list-style-type: none">1. Tá an páiste muiníneach. (Cothaíonn cairdeas gan stró, láimhseálann gnáthathruithe go maith, cuireann ceisteanna, in ann mothucháin a léiriú, in ann cabhair a iarraidh, in ann baol a mheas agus gan a bheith eaglach).2. Tá dea-chomhordú ag an bpáiste lena n-áirítear scileanna mín- agus oll-luaileacha. (Dreapadh, rith, caitheamh agus ceapadh, doirteadh, gearradh, péinteáil).3. Tá an páiste neamhspleách agus féintuilleamaíoch. (In ann an leithreas a úsáid, aire a thabhairt do bhosca lóin, cóta a chur air/uirthi, slacht a chur ar sheomra, srl.)			

- | | | | |
|---|--|--|--|
| <p>4. Baineann an páiste sult as an gcruthaitheacht. (Ag fiosrú péinteanna, ag súgradh le hábhair ghinearálta agus nádúrtha.)</p> <p>5. Is iondúil go mbíonn an páiste dícheallach. (In ann páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí agus fanacht dírithe orthu).</p> <p>6. Is iondúil go mbíonn an páiste acmhainneach. (In ann teacht aniar nuair a théann cúrsaí ar seachrán.)</p> | | | |
|---|--|--|--|

Tuairimí breise (gníomhaíochtaí a thaitníonn leis an bpáiste san áireamh):

Sa chuid seo den teimpléad freisin, tá codanna i gcomhair na dtéamaí eile de chuid *Aistear*.

Cuid 2: Cuid an teaghlaigh

I mí an Mhárta, cuireadh tuismitheoirí ar an eolas faoin tionscnamh agus iarradh cead orthu chun ábhar a chomhroinnt le daoine eile sa tionscnamh agus ar láithreáin ghréasáin CNCM. Míníodh go dtabharfaí tuairisc scríofa don bhunscoil agus/nó do na tuismitheoirí féin. Míníodh sa litir a chuir CNCM ag na tuismitheoirí go mbeadh an deis ag na tuismitheoirí agus na páistí codanna den tuairisc a líonadh isteach. D'fhéadfadh sé go roghnóidh roinnt tuismitheoirí gan cuid an teaghlaigh a líonadh isteach; beidh cuid acu sásta í a líonadh isteach iad féin agus b'fhéidir go dteastóidh cúnamh ó dhaoine eile lena líonadh isteach. Is féidir leat tairiscint a dhéanamh cabhrú le tuismitheoirí an chuid sin a líonadh isteach nó is féidir leo í a líonadh isteach sa bhaile—is fearr an aithne atá agat féin orthu. Tá na ceisteanna dírithe ar an gcaoi a mothaíonn an tuismitheoir faoina bpáiste a bheith ag tosú ar an mbunscoil, ar shonraí is mian leis na tuismitheoirí a chomhroinnt faoin bpáiste agus ar threoir a thabhairt don mhúinteoir faoi conas a d'fhéadfaí cuidiú leis an bpáiste socrú síos sna naíonáin shóisearacha. Tá sé beartaithe seisiún comhphárteach eolais do thuismitheoirí faoin aistriú chuig an mbunscoil a chur ar siúl i mí na Bealtaine/mí an Mheithimh. Is féidir struchtúr agus cuspóir na dtuairiscí a mhíniú do na tuismitheoirí le linn an tseisiúin eolais sin. D'fhéadfadh sé a bheith

ina chuid úsáideach den seisiún dá ndéanfadh tuismitheoir a bhfuil páiste leis nó léi sa bhunscoil cheana cur síos ar eispéiris an pháiste sin.

Cuid 2: An Teaghlach
Ainm an duine den teaghlach atá ag comhlánú na foirme seo:
Gaol leis an bpáiste:
Conas a bhraitheann do pháiste faoi thosú ar scoil? (<i>Cad leis a bhfuil sé/sí ag tnúth?</i>)
Conas a bhraitheann tú féin faoi do pháiste tosú ar scoil? (<i>Cén t-ábhar dóchais, cad leis a bhfuil tú ag súil?</i>)
Cad ba mhaith leat bheith ar eolas ag múinteoir nua do pháiste faoi/fúithi? (<i>Cad iad réimsí spéise, buanna do pháiste? An bhfuil ábhair ar bith imní agat?</i>)

Cuid 3: Cuid an pháiste

Níor cheart an chuid seo a líonadh isteach ach amháin má aontaíonn an páiste go bhfuil sé nó sí sásta páirt a ghlacadh agus eolas a chomhroinnt leis an múinteoir nua. Ní mór tic a chur ar bhosca ar leathanach an pháiste a léiríonn cibé ar thug an páiste cead nó nár thug. D'fhéadfaí roinnt plé agus gníomhaíochtaí aistriithe a dhéanamh le páistí mar chuid den ullmhúchán chun an réamhscoil a fhágáil agus cabhróidh sé sin leis na páistí smaoineamh ar rudaí a mb'fhéidir ar mhaith leo a rá lena múinteoir nua. Is féidir an chuid seo a líonadh isteach sa bhaile agus/nó sa réamhscoil. Tugtar ainm agus aois an pháiste ag tús na coda seo. Tá spás inti ionas gur féidir beirt chairde a ainmniú a bheidh ag aistriú chuig an scoil chéanna in éineacht leis an bpáiste.

Nuair a bhíonn ionchur an pháiste á líonadh isteach, ní mór don duine fásta labhairt leis an bpáiste faoi na rudaí ar mhaith leis nó léi a dhéanamh agus an páiste ag tosú sna naíonáin

shóisearacha. Ag brath ar rogha an pháiste, d'fhéadfadh an duine fásta an méid a deir sé nó sí a scríobh síos, d'fhéadfadh an duine fásta nóta a bhreacadh ar phictiúir (cur síos a dhéanamh ar phictiúr an pháiste) nó d'fhéadfadh na páistí pictiúir a tharraingt de na rudaí is maith leo agus de rudaí ar mhaith leo a dhéanamh sa scoil. Tá spás ann freisin ionas gur féidir leis an bpáiste pictiúr a tharraingt de féin nó di féin. Tá sé tábhachtach féachaint chuige go bhfuil criáin/uirlisí dathúcháin ar dhath an chraicinn ar fáil a oireann do chraicne ar dhathanna éagsúla ionas gur féidir freastal ar gach páiste.

Aontú an pháiste faighte i leith chomhlánú an chuid seo den teimpléad (i.e. tá an páiste sásta tabhairt faoin ngníomhaíocht, agus an t-ábhar a roinnt leis an múinteoir).

Tá	
Níl	

is ainm dom.

Táim bliain d'aois.

Cairde a bheidh ag tosú ar scoil in éineacht liom:

- 1.
- 2.

Rudaí ba mhaith liom a bheith ar eolas ag mo mhúinteoir nua fúm (*Rudaí is maith liom a dhéanamh sa réamhscoil..., Mar a airím nuair a smaoiním faoi dhul ar scoil ..., Rudaí is mian liom a dhéanamh nuair a rachaidh mé ar scoil...*).

Féadann an páiste freagairt le pictiúir nó féadann duine fásta a bheith ina scríobhaí ag an bpáiste.

Focal scoir

Ach na codanna go léir sa tuairisc a líonadh isteach, féachfar chuige go mbeidh léargas cuimsitheach ag múinteoir na naíonán sóisearach ar fhoghlaim agus forbairt gach páiste agus é nó í ag tosú amach ar an aistear sa bhunscoil.

Aguisín 4: Smaointe do mhúinteoirí ar bhealaí chun an t-eolas sna tuairiscí a úsáid

DRÉACHT

Tá go leor eolais curtha ar fáil duit sna tuairiscí comhlánaithe ó pháistí, tuismitheoirí agus cleachtóirí, agus bhuail tú leis an gcleachtóir réamhscolaíochta. Ach cén chaoi a n-úsáideann tú an t-eolas anois? Is cuidiú iad na tuairiscí le foghlaim faoi bhuanna agus dúshlán gach páiste agus iad ag aistriú ón réamhscoil go dtí an bhunscoil. Is cuidiú é an t-eolas seo a úsáid le tacú le páistí agus iad ag foghlaim agus ag forbairt ar bhealach a oireann dóibh féin. Is cuidiú iad na tuairiscí le go dtuigfidh tú gur daoine ar leith iad gach páiste - a mbuanna, réimsí spéise, meon, na nithe atá dúshlánach acu agus na modhanna cur in iúl agus foghlama is fearr leo.

Tá léargas le baint as an gcroí-eolas seo ar gach páiste roimh theacht isteach i do sheomra ranga dóibh. Cuirfidh sé sin ar do chumas curaclam a phleanáil a thógann ar a bhfuil foghlamtha cheana ag gach páiste. Tá sé seo thar a bheith úsáideach sa chéad chúpla seachtain de na naíonáin shóisearacha. Tá réamhbhlaiseadh leagtha amach thíos de chuid den eolas a cuireadh ar fáil sna tuairiscí agus samplaí de bhealaí ina bhféadfaí é a úsáid.

Cuid 1: Foghlaim agus forbairt an pháiste

Cuid 1: I gcuid an chleachtóra lena n-áirítear an achoimre, leagtar amach buanna agus réimsí spéise an pháiste agus mar a bhainfeadh sé/sí tairbhe as tacaíocht bhreise. Cuimsítear straitéisí ar shíl an cleachtóir réamhscoile iad a bheith cuidiúil don pháiste. Baineadh na samplaí seo a leanas as tuairiscí a scríobh cleachtóirí agus léiríonn siad na straitéisí a d'úsáid an réamhscoil agus bealaí eile ina bhféadfaí an t-eolas atá sna tuairiscí a úsáid i do sheomra ranga. Sa chéad dá cholún úsáidtear tagairtí díreacha ó thuairiscí páistí sa tionscnamh.

Buanna agus réimsí spéise an pháiste

Straitéisí a d'úsáid an réamhscoil

Bealaí eile ina bhféadfaí an t-eolas seo a úsáid

Acmhainní agus eispéiris a bhaineann le réimsí spéise páistí a úsáid

Tá an-spéis ag Alex i ngach cineál meaisínre.

Déan a lán comhrá faoi tharracóirí/meaisínre. Labhair leis faoi na pictiúir a tharraingíonn sé. Iarr air a chuid tarracóirí éagsúla a thabhairt isteach agus labhairt leis an ngrúpa fúthu.

Bíodh roinnt leabhar agus míreanna mearaí faoi ainmhithe agus meaisínre feirme ar fáil ar an gcéad lá agus ba chóir ainmhithe agus meaisínre feirme a bheith sa limistéar súgartha 'domhan beag'. Déan naisc idir na coincheapa a bhíonn á dteagasc agus réimsí spéise Alex. D'fhéadfaí go leor gnéithe de litearthacht agus d'uimhearthacht a theagasc trí spéis Alex sa mheaisínre. Mar shampla, cá mhéad bonn atá ar an tarracóir, mar a shórtáiltear ainmhithe idir ba agus caoirigh.

D'éirigh go fíormhaith le Dara ar an náiscoil. Tá uathachas air agus baineann sé sult ar leith as gníomhaíochtaí tógála agus as fios a bheith aige cad é an chéad rud eile a tharlóidh.

Bíodh ábhar tógála ar fáil i gcónaí, go háirithe nuair a bhíonn sé corraithe. Úsáidimid íomhánna chun cuidiú le Dara gnáthamh an lae a leanúint.

Taispeáin do Dhara an réimse ábhar tógála atá ar fáil sa seomra agus úsáid íomhánna le clár ama an lae a léiriú.

<p>Tá Diane an-chruthaitheach agus cruthaíonn sí obair ealaíne iontach.</p>	<p>Cuir ábhair éagsúla scríbhneoireachta agus ealaíne ar fáil lena bua cruthaitheach a chothú. Scríobhaimid síos an méid a deir sí faoin ealaín a chruthaíonn sí agus tógaimid grianghraif díobh óir déanann sí cuid mhaith díobh le clocha agus cipíní agus ní féidir iad a choinneáil.</p>	<p>Tabhair deiseanna agus roghanna do Diane réimse de mheáin a úsáid ón gcéad lá, amhail cré, ábhar tógála, fabraic agus ábhair nádúrtha amhail clocha agus coirt. Tóg grianghraif agus iarr uirthi cur síos ar a cuid ealaíne agus scríobh fúithi.</p>
<p>Is breá le Sam bheith ag súgradh ina aonar agus is aoibhinn leis an dúlra. Tá dúil ar leith aige sna damháin alla, seilidí agus feithidí.</p>	<p>Bíodh pictiúir agus leabhair faoi fheithidí agat agus coimeádáin le hábhair agus feithidí a bhailiú amuigh faoin aer.</p>	<p>Ar an gcéad lá, bíodh leabhair faoin dúlra ar fáil. Lena chois sin, sa chéad seachtain, tabhair Sam agus a chuid piaraí amach le breathnú ar an dúlra atá thart timpeall. Spreag Sam leis an spéis atá aige a chomhroinnt le páistí eile nó le grúpa beag chun cuidiú leis cairdeas a chothú.</p>
<p>Grúpálacha – eagrú seomra ranga</p>		
<p>Tá claonadh ag Ben bheith níos sona agus é i ngrúpa beag. Féadann sé bheith cúthail agus é i ngrúpa mór.</p>	<p>Suíonn Ben taobh leis an gcara is fearr aige bunús an ama óir cuidíonn sé seo leis bheith níos muiníní.</p>	<p>Breathnaigh ar Chuid an Pháiste de thuairisc Ben agus faigh amach cé na cairde atá aige agus cinntigh gur féidir leis suí taobh leo sa chéad chúpla seachtain. Cinntigh gur féidir le Ben gníomhaíochtaí a dhéanamh i ngrúpaí beaga seachas grúpaí móra.</p>
<p>Acmhainní sa timpeallacht súgartha</p>		
<p>Is breá le Megan rólghlacadh agus cur i gcéill. Is breá léi a guthanna éagsúla uile a úsáid agus tá stór focal leathan aici.</p>	<p>Cruthaímid deiseanna rólghlactha agus iarraidimid uirthi smaointe súgartha a mholadh.</p>	<p>Cinntigh go bhfuil a lán deiseanna súgradh rólghlactha ar fáil le linn an chéad chúpla seachtain. Iarr ar Megan smaointe súgartha a mholadh. Spreag í le labhairt le páistí eile agus le ranna a aithris</p>

		agus scéalta a insint ionas gur féidir leo foghlaim uaithe.
<i>Am i gcomhair súgradh faoi threoir páistí faoi dhíon agus faoin spéir</i>		
Is breá le Seán an súgradh agus is anseo a chuireann sé féin in iúl go muiníneach.	Tabhair an-chuid deiseanna do Sheán bheith ag súgradh lena chairde ina bpéirí agus ina ngrúpaí beaga óir glacann sé tamall é féin a chur in iúl go muiníneach. Bíonn sé neirbhíseach taobh amuigh agus bíonn spreagadh go leor de dhíth air sula dtéann sé amach.	Tabhair tréimhsí sínte ama do Sheán bheith ag súgradh sa rang. Caith breis ama lena chinntiú go bhfuil Seán compordach sa chlós súgartha nó féadann sé bheith beagán scanraithe faoi.
Is fearr i bhfad le Mary bheith amuigh faoin spéir ná bheith istigh.	Bogaimid a oiread gníomhaíochtaí agus is féidir amach faoin aer, ag brath ar an aimsir. Téimid amach gach lá beag beann ar an aimsir óir tá cotaí báistí agus buataisí uisce againn. Bhainfeadh Mary an-tairbhe as bheith ag súgradh faoin aer. B'fhéidir go dtabharfá faoi deara gur díograisí agus gur muiníní í i mbun gníomhaíochtaí sa timpeallacht faoin aer seachas faoi dhíon.	I Meán Fómhair, smaoinigh ar chuid de na gníomhaíochtaí amhail léamh scéalta, Corpoideachas, rólghlacadh nó súgradh le gaineamh agus uisce a bhogadh amach faoin aer. Lena chois sin, eagraigh siúlóid dúlra uair sa tseachtain ar a laghad i rith na bliana chun duillí a bhailiú, foghlaim faoi na ráithí srl.
Gníomhaíochtaí/tascanna atá dúshlánach ag an bpáiste	Straitéisí a d'úsáid an réamhscoil	Bealaí eile ina bhféadfaí an t-eolas seo a úsáid
<i>Meonta dearfacha a chothú agus an fhoghlaim idirdhealaitheach</i>		
Tá Anya cúthail; is deacair léi cairdeas a chothú lena piaraí.	Ag iarraidh uirthi jabanna beaga a dhéanamh nó suí in aice léi le tacú léi.	Seiceáil cé hiad cairde Anya i gCuid an Pháiste den tuairisc. Lena chois sin, amharc an bhfuil smaointe ar bith i gCuid an Tuismitheora a chuideodh le Anya socrú isteach. B'fhéidir gurbh úsáideach

		earra compoird ón mbaile amhail béirín nó grianghraf dá muintir. Abair léi go dtuigeann tú go mb'fhéidir go bhfuil an t-aistriú deacair di ach go bhfuil tú ansin le cuidiú léi. Aimsigh roinnt leabhair scéalta faoi dhaoine atá cúthail agus faoi chairdeas a chothú.
Is dúshlánach le Joe timpeallachtaí nua agus athrú. Is gá a chur i gcuimhne dó freisin faoi dhul chuig an leithreas.	Is le leas Joe gnáthamh agus comhsheasmhacht óir cuidíonn sé leis socrú má tá a fhios aige cad atá roimhe.	Cinntigh ón gcéad lá go bhfuil a fhios ag Joe cén cineál lae atá roimhe, cén áit a bhfuil na leithris, cén uair a bheidh am lóin ann agus cén uair a bheidh sé ag dul abhaile. B'fhéidir gurbh úsáideach íomhá phearsanta, lena n-áirítear sos leithris.
Is deacair le Tara sealanna a ghlacadh.	Mínimid do Tara cén uair a bheidh a seal ann agus tá róta againn do na jabanna atá le déanamh. Imrímid cluichí sealanna le Tara freisin.	Úsáid córas róta ionas go bhfaigheann gach duine sa ghrúpa deis ar ghníomhaíochtaí éagsúla. Bíodh go leor ábhar ar fáil ionas nach gcaithfidh na páistí fanacht rófhada. Úsáid orláiste uibhe i gcás nithe a chaithfear a roinnt agus cuir in iúl do Tara cén uair a bheidh a seal féin ann. Pleanáil a lán gníomhaíochtaí ina gcleachtann Tara glacadh seala ach bí foighneach óir is eol duit é seo a bheith deacair di.
Is deacair le Colm imeacht óna mam ar maidin.	Má thugtar jab dó, is iondúil go dtarraingíonn sé sin a aird agus cuir ar a shuaimhneas é go mbeidh mam ar ais ar ball.	Tá a fhios agat gur dócha go mbeidh an t-aistriú deacair ag Colm. Bíodh comhrá agat lena thuismitheoirí roimh ré chun labhairt faoi conas déileáil leis seo.

<p>Bíonn claonadh ag Nicola éirí as tasc agus bíonn sé deacair aici fanacht i mbun taisc má bhíonn deacrachtaí aici.</p>		<p>Aimsigh deiseanna le muinín Nicola a chothú ionas go leanfaidh sí de ghníomhaíochtaí agus tascanna dúshlánacha. D'fhéadfadh sé gur seo an difear idir eispéireas taitneamhach foghlama agus díomá agus frustrachas. Nuair a bhíonn sí réidh le gníomhaíocht, ba mhaith an smaoineamh é aird a tharraingt ar a bhfuil curtha i gcrích nó cruthaithe aici.</p>
--	--	---

Am agus aistrithe

<p>Tógann Josh beagán níos mó ama ná an meán le tascanna a chur i gcrích agus éiríonn sé corraithe más gá dó rudaí a fhágáil gan a gcríochnú.</p>	<p>Tabhair a lán fógra faoi bhogadh ar aghaidh chuig an gcéad ghníomhaíocht eile.</p>	<p>Cinntigh go dtugtar neart ama do Josh gníomhaíochtaí a chur i gcrích. Lig dó, más féidir, fanacht i mbun taisc agus páistí eile ag bogadh ar aghaidh chuig rudaí eile.</p>
<p>Itheann Lily go han-mhall.</p>	<p>Féadann Lily fanacht agus a cuid bia a ithe agus páistí eile ag bogadh ar aghaidh chuig rudaí eile.</p>	<p>Cinntigh go dtugann tú a sáith ama do Lily chun a lón a ithe.</p>
<p>Tá sé fíordheacair ag Leo bogadh ó ghníomhaíocht go chéile. Níl dúil dá laghad aige sna haistrithe.</p>	<p>Ghearramar siar ar an méid aistrithe a bhíonn againn i rith an lae agus chuidigh sé seo go mór le Leo agus le roinnt páistí eile. Nuair a bhreathnaíomar ar ár ngnáthamh laethúil, thuigeamar go raibh i bhfad barraíocht aistrithe againn.</p>	<p>Bíodh a laghad aistrithe agus is féidir ann i rith an lae agus tabhair fógra fúthu tamall maith roimh ré.</p>

Grúpálacha

<p>Seachnaíonn Tom idirghníomhú agus súgradh lena phiaraí.</p>	<p>Spreagtar é chun páirt a ghlacadh trí eagrú gníomhaíochtaí grúpa. Is maith leis comhlúadar daoine fásta.</p>	<p>Tabhair aird ar leith ar Tom le linn an chéad chúpla lá. Cinntigh go bpléann tú a fheabhas atá sé ag socrú isteach lena mham/daid. Lig dó suí in aice leat agus faigh amach an bhfuil</p>
--	---	--

		bréagán nó earra compoird ar leith ba mhaith leis a thabhairt isteach ón mbaile. Breathnaigh ar Chuid an Pháiste dá thuairisc go bhfeicfidh tú an bhfuil páiste nó dhó eile a bhféadfaí tús a chur le cairdeas idir iad agus Tom.
Is deacair le Alan éisteacht le scéalta i ngrúpa mór.	D'fhéadfaí leas a bhaint as prapaí a aimsiú ar féidir le Alan aire a thabhairt dóibh. Stopamar freisin de bheith ag léamh sa ghrúpa mór agus anois bímid ag léamh scéalta le grúpaí níos lú. Oibríonn sé seo níos fearr do na páistí uile. Féadann siad ceisteanna a chur agus idirghníomhú níos mó leis an scéal.	Bíodh prapaí sa rang le tacú leis na scéalta atá tú ag dul a léamh agus déan cinnte go suíonn Alan in aice leat ag am scéalaíochta. Smaoinigh ar scéalta a léamh le grúpaí beaga seachas leis an rang iomlán.
Tá Seána an-séimh agus, go hiondúil, ní maith léi súgradh torannach. Bíonn sí an-neirbhíseach agus í amuigh.	Tugaimid misneach di páirt a ghlacadh i gcluichí nach bhfuil chomh torannach, mar shampla ag súgradh lena cairde sa limistéar súgradh baile.	Mínigh do Sheána go bhféadfadh an clós bheith torannach agus cinntigh go bhfuil áit ann ar féidir léi dul má éiríonn sé barraíocht di.
Tagann tost iomlán ar Peter nuair a bhíonn sé corraithe.	Coinnigh ag gabháil don chumarsáid leis agus is fearr is féidir a cuidiú leis má tá a fhios agat cad é a tharla/atá cearr.	Téigh síos go dtína leibhéal féin agus breathnaigh sa tsúil air nuair a éiríonn Peter corraithe. Déan iarracht níos mó a fháil amach faoi na fáthanna a dtagann tost iomlán ar Peter.
<i>Gá le tacaíocht duine le duine</i>		
Is deacair le Luke a aird a dhíriú ar thasc agus éiríonn sé as go héasca. Is minic a bhíonn spreagadh ó dhuine fásta uaidh le tasc a chur i gcrích.	Déanann duine againn iarracht suí in aice le Luke ag amanna éagsúla sa lá lena dhíograis a cothú.	D'fhéadfadh Luke tairbhe a bhaint as idirghníomhuithe duine le duine agus as a chinntiú go mbristear tascanna anuas. Sa chuid eile den tuairisc, b'úsáideach a fháil amach cé na gníomhaíochtaí a bhfuil dúil ag Luke iontu dáiríre, ionas

		gur féidir iad a thabhairt isteach sa lá scoile.
Bíonn claonadh ag Joe gan páirt a ghlacadh i bplé grúpa agus lasann a aghaidh nuair a chuirtear ceist air i ngrúpa.	Chinntíomar nár cuireadh ceisteanna ar Joe mar chuid de ghrúpa agus rinneadh iarracht am duine le duine a dhéanamh dó.	Tabhair deiseanna do Joe labhairt le páiste nó le duine fásta eile sa seomra ranga. B'fhéidir gurbh fhearr gan é a chur i gcuideachta páiste atá muiníneach, ceannasach. D'fhéadfadh sé tairbhe a bhaint as bheith ag obair in éineacht leis an bpáiste céanna sa chéad chúpla seachtain le haithne agus iontaoibh a chothú. Bí cinnte go moltar a chuid iarrachtaí.
Tacaíocht teanga		
Mar gheall ar a urlabhra agus fuaimniú, féadann sé bheith deacair in amanna ag Colm idirghníomhú leis na páistí eile óir tá sé deacair acu é a thuiscint.	D'oibríomar i bpáirt leis an teiripeoir urlabhra leis na nithe éagsúla a mhol sí a dhéanamh.	Faigh a thuilleadh eolais faoi na cineálacha gníomhaíochtaí a mhol an teiripeoir urlabhra. Breathnaigh ar thuairisc Choilm lena fháil amach cé na réimsí spéise agus cé na cairde atá aige. B'úsáideach iad seo le cuidiú leis socrú isteach. Breathnaigh freisin ar a bhfuil i gCuid an Tuismitheora dá thuairisc agus déan teagmháil le tuismitheoirí Choilm óir is mó an t-eolas a bheidh acu sin faoi urlabhra Choilm taobh amuigh den scoil.
An Pholainnis teanga dhúchais Zita. Tá beagán Béarla ag a tuismitheoirí. Tuigeann sí cuid mhaith ach is beag Béarla labhartha atá aici.	Bainimid feidhm as an-chuid leideanna neamhlabhartha le cuidiú le Zita - ag díriú méire srl. Bainimid feidhm freisin as an-chuid pictiúr thart ar an seomra – sna limistéir éagsúla agus bíonn gnáthamh laethúil amhairc againn.	Úsáid pictiúir le lipéid a chur ar na limistéir éagsúla sa seomra ranga (limistéar rólghlactha, limistéar ciúin, limistéar tógála, limistéar míshlachtmhar). Úsáid grianghraf i gcónaí chun a thaispeáint cá bhfuil an leithreas. Foghlaim cúpla focal Polainnise amhail Dia duit,

		<p>slán, le do thoil, go raibh maith agat.</p> <p>Bíodh comharthaí fáilte Polainnise sa scoil ionas go mbraitheann muintir Zita go bhfuil fáilte rompu ar an gcéad lá agus spreag iad le leanúint de Pholainnis a labhairt léi sa bhaile.</p>
--	--	---

Cuid 2: Cuid an Teaghlaigh

Is é an fócas i gCuid 2 díriú ar conas a mhothaíonn an/na tuismitheoir(í) faoina p(h)áiste tosú ar an mbunscoil. Tugtar mionsonraí freisin faoin méid is mian le tuismitheoirí a roinnt faoin bpáiste agus tugtar smaointe don mhúinteoir faoi bhealaí a d'fhéadfadh cuidiú leis an bpáiste socrú isteach sna naíonáin shóisearacha. Tógadh na samplaí seo a leanas ó na tuairiscí. Is tábhachtach an chuid seo a léamh go cúramach óir is féidir gur luaigh an tuismitheoir roinnt mionsonraí tábhachtacha faoina p(h)áiste ar gá duit a thabhairt do d'aire.

Cé na rudaí a d'fhéadfadh cuidiú le do pháiste socrú isteach sna naíonáin shóisearacha?

“Being patient with him initially for him to learn the task at hand”

“Working in small groups”

“She likes being given responsibilities”

“Being with friends”

“Enjoys working in a group and being given responsibilities”

“He accepts things better if it's explained to him”

Cad é ba mhaith leat a bheith ar eolas ag múinteoir nua do pháiste faoi/fúithi?

“Alex loves outdoors, farms, machinery, tools, animals. Loves practical activities and learning all about new things. Very inquisitive and good listener”

“She is kind and caring and loves meeting people and making friends”

“He is a bit shy”

“When trying to do things that are difficult for him he sometimes gets frustrated and gives up easily”

“Loves running and sports but also worried about her being shy”

Is léargais thábhachtacha iad seo ar a bhféadann tú do mhachnamh a dhéanamh agus na páistí ag teacht isteach i do sheomra ranga.

Cuid 3: Cuid an Pháiste

Ar ionchur an pháiste atá an fócas anseo agus is féidir é a chomhlánú san ionad nó sa bhaile. Iarradh cead ar an pháiste an t-ábhar a chomhroinnt leis an múinteoir: rudaí a thaitin leo sa réamhscoil, mar a bhraitheann siad faoi dhul ar scoil agus na rudaí is mian leo a dhéanamh ar scoil. Tá léargais thar a bheith luachmhar sa chuid seo den tuairisc ar na cineálacha rudaí a bhfuil spéis ag páistí iontu agus is tábhachtach go dtugann tú eispéiris den chineál céanna dóibh sna naíonáin shóisearacha.

Rudaí a thaitníonn le páistí agus iad sa réamhscoil

Súgradh agus bheith le cairde na príomhfhreagraí ach is tábhachtach a fheiceáil cad iad go díreach na cineálacha súgartha agus cé na cairde atá tábhachtach ag na páistí agus iad ag teacht isteach i do sheomra ranga. Labhair páistí faoi thógáil agus ag súgradh le hochtáin, lego, móibílí, bloic agus brící 'stickle', líníocht, péinteáil, míreanna mearaí, ag súgradh le tarracóirí, ag súgradh le gaineamh, ag canadh agus ag cumadh rímeanna, ag súgradh sa chistin, ag foghlaim faoi dhineasáir, ag damhsa agus ag déanamh gleacaíochta, ag roghnú a rudaí féin le súgradh leo, bheith le cairde agus ag súgradh taobh amuigh, ag rith agus ag rothaíocht.

Mar a bhraitheann páistí faoi dhul ar scoil

Braitheann formhór na bpáistí go maith faoi dhul ar scoil ach tá imní ar roinnt páistí faoi. Is gá breathnú ar na tuairiscí atá agat go bhfeicfidh tú conas a bhraitheann na páistí atá ag teacht isteach i do sheomra ranga faoin aistriú. Arsa roinnt páistí:

I feel good about starting school, I feel happy about going to school, I think it will be different I feel a bit nervous about going to school, I feel bad about leaving playschool and good about big school, I feel excited, I feel happy to go to big, new school but on the other hand sad to leave nursery where I have made lots of friends and my little brother that I love, I'm worried that I won't know what to do when the teacher talks to me, I'm worried I won't understand, I am not afraid of anything at school 'cause I can do everything. Everybody have to go to school to be wise like parents.

Rudaí is mian le páistí a dhéanamh ar scoil

Is gá breathnú ar na tuairiscí atá agat go bhfeicfidh tú cé leis a bhfuil na páistí atá ag teacht isteach i do sheomra ranga ag dúil lena dhéanamh. Arsa roinnt páistí:

I will play with stuff in school, I am going to do homework and play in the yard,

I want to read books, I am looking forward to playing with the sand and the music things

I want to play with everything when I go to big school, I want to play with my friends

I want to play with the blocks and the sand pit, I want to make new friends

I want to play with the bears in the airport (as seen on visit to school), I want to play outside at lunch, I liked playing with the animals in the classroom the day I went to big school

I'm so excited to play outside and to see the fairy doors, Play in the kitchen I saw on the opening morning, I want to learn to write and do colouring.

Conclúid

Sa tuairisc seo tugtar léargas ar leith duit ar gach páiste a bheidh ag teacht isteach i do sheomra ranga. Úsáid an t-eolas a chuir an páiste, na tuismitheoirí agus an cleachtóir ar fáil chun do sheomra ranga a eagrú, chun acmhainní agus eispéiris a chur ar fáil atá nasctha le réimsí spéise na bpáistí agus chun an meon dearfach foghlama atá acu cheana a chothú. Tá a fhios agat freisin go bhféadfadh am breise a bheith de dhíth ar roinnt páistí lena lón a ithe nó le tascanna a chur i gcrích. Mar sin de, go háirithe sa chéad chúpla seachtain, coinnigh an clár ama solúbtha. Cinntigh go dtugtar a ndóthain ama le gníomhaíochtaí a chur i gcrích, óir is minic a ardaíodh ceist dóthain ama a bheith acu sna tuairiscí. Is cuidiú é an t-eolas sna tuairiscí chun páistí a ghrúpáil. Tá a fhios agat cheana cé hiad na ceannairí/cuiditheoirí sa ghrúpa, cé hiad na páistí is cúthaile agus cé aige a bhfuil Béarla mar an dara teanga. Tá tuairim agat freisin faoi cé na páistí ar dóichí iad a bheith trína chéile ar an gcéad mhaidin agus cé na bealaí chun iad a shocrú isteach, cé na páistí a gcaithfeá a chur i gcuimhne dóibh faoi dhul chuig an leithreas, cé na páistí nach dtaitníonn sé leo bheith i ngrúpa mór, cé aige a mbeidh sé deacair bheith amuigh sa chlós, cé nach maith leis bheith ag cur slacht ar an seomra, cé aige a mbeadh tacaíocht bhreise de dhíth. Mar sin de, úsáid an t-eolas seo ar fad chun eispéiris na bpáistí a shaibhriú agus ná déan dearmad aiseolas a thabhairt do pháistí, do thuismitheoirí agus don chleachtóir faoi cé chomh húsáideach a bhí sé!

Aguisín 5: Foirm thoilithe an tuismitheora

Maidir le húsáid a bhaint as físeáin, grianghraif agus/nó ábhair de dhéantús do pháiste lena gcomhroinnt ag na ceardlanna gairmiúla a bhaineann leis an tionscnamh

Céard é an Tionscnamh um Aistriú ó Réamhscoil go Bunscoil?

Tá *Tionscnamh um Aistriú ó Réamhscoil go Bunscoil* á reáchtáil ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM), a chuireann comhairle ar an Aire Oideachais agus Scileanna maidir le curaclam agus measúnacht i leith na scoileanna go léir. Tá an tionscnamh sin á dhéanamh le líon beag scoileanna agus réamhscoileanna i dTiobraid Árann, Laois, Luimneach agus Gaillimh. Tá an réamhscoil/scoil ar a bhfreastalaíonn do pháiste ina measc siúd a roghnaíodh chun páirt a ghlacadh ann.

Ainm an tsuímh/na scoile: _____

Conas a bheimid páirteach?

Is cuid den *Tionscnamh um Aistriú ó Réamhscoil go Bunscoil* í an réamhscoil/scoil seo againne agus sna míonna beaga atá romhainn, beimid i mbun gníomhaíochtaí éagsúla arb é is aidhm dóibh cabhrú le do pháiste aistriú ón réamhscoil chuig an mbunscoil. Beimid ag freastal ar cheardlanna ina bhféadaimid ár gcleachtas a phlé agus smaointe maithe a chomhroinnt leis na réamhscoileanna agus na bunscoileanna eile a bheidh páirteach sa tionscnamh.

Mar chuid den obair sin freisin, líonfaidh an cleachtóir réamhscoile isteach cuid de theimpléad tuairiscithe maidir le foghlaim agus forbairt do pháiste le tabhairt don mhúinteoir ranga a bheidh ag an bpáiste sna naíonáin shóisearacha. Beidh an deis agat féin agus do pháiste freisin cuid den teimpléad tuairiscithe sin a líonadh isteach. Cloisfidh tú tuilleadh faoi seo sna míonna amach romhainn agus ní chuirfear eolas ar bith chun bealaigh go dtí go bhfeicfidh tú é agus go síneoidh tú lena dhearbhu go bhfuil tú sásta go gcuirfí an t-eolas chun na scoile. Ansin beidh comhrá ag an gcleachtóir agus ag an múinteoir faoin eolas lena chinntiú go mbainfidh siad leas as chun cabhrú le do pháiste socrú isteach sna naíonáin shóisearacha.

Cén chaoi a n-úsáidfean an t-eolas faoi mo pháiste?

Mar chuid den tionscnamh, b'fhéidir go n-iarrfaí orainn grianghraif a thógáil, gearrthóga físe a dhéanamh agus/nó taifeadadh a dhéanamh ar an méid a deir na páistí agus a dhéanann siad agus iad i mbun foghlama trí mheán cluichí agus gníomhaíochtaí eile. D'fhéadfadh sé go gcomhroinnfí iadsan ansin le cleachtóirí agus múinteoirí ó na réamhscoileanna agus na scoileanna eile atá páirteach sa tionscnamh ionas go bhféadfaidís spreagadh a ghlacadh ó na hacmhainní sin lena n-úsáid ina gcuid oibre féin.

Is féidir linn samplaí a thaispeáint den chuma a d'fhéadfadh a bheith ar na hábhair, mar shampla, iris foghlama grúpa ina bhfuil grianghraif agus ráitis ó na páistí lena léiriú cad atá á fhoghlaim acu tríd an gcuraclam, nó ghrianghraf de rud éigin atá déanta nó daite ag do pháiste.

Bheadh áthas orainn dá bhféadfadh do pháiste páirt a ghlacadh sa tionscnamh seo atá dírithe ar chabhrú leis an aistriú chuig an mbunscoil. Mura nglacfaidh an páiste páirt sa tionscnamh, ní bheidh tionchar aige sin ar an obair a dhéanaimid leis nó léi. Is féidir leat do pháiste a tharraingt siar ón tionscnamh am ar bith.

Téigh i dteagmháil le _____ le haghaidh tuilleadh eolais, le do thoil.

Toiliú tuismitheora maidir le hábhair i gcomhair an Tionscnaimh um Aistriú ó Réamhscoil go Bunscoil

Tuigim céard is cuspóir leis an **Tionscnamh um Aistriú ó Réamhscoil go Bunscoil**. Tugaim cead do mo pháiste _____ (ainm iomlán an pháiste i mbloclitreacha) páirt a ghlacadh sa tionscnamh.

Tuigim go bhféadfadh mo pháiste a bheith le feiceáil nó le cloisteáil i ngrianghraif, i bhfíseáin agus/nó i dtaifeadtaí fuaimne.

Tuigim gur féidir na hábhair sin agus irisí/punanna foghlama an pháiste a chomhroinnt le cleachtóirí eile, múinteoirí agus baill foirne de chuid CNCM a ghlacann páirt sa tionscnamh aistrithe.

Ainm an Tuismitheora/an Chaomhnóra (Bloclitreacha):

Sínithe (Tuismitheoir/Caomhnóir): _____ Dáta: _____

Seoladh: _____

Líon isteach an fhoirm thoilithe seo le do thoil agus cuir ar ais í chuig

_____ (ainm an bhaill foirne) i

_____ (ainm agus seoladh na seirbhíse).











Go raibh maith agat as ligean do do pháiste a bheith páirteach san obair thábhachtach seo.

Aguisín 6: Foirm maidir le cead páiste chun páirt a ghlacadh i dtaifeadadh físeáin agus i gcomhroinnt líníochtaí

Preschool to Primary School Transition Initiative

FOIRM CHEADAITHE i gCOMHAIR PÁISTÍ

Ainm an pháiste		
Bunscoil		
Toiliú faighte ón tuismitheoir	Tá	Níl

Táim sásta labhairt faoin scoil agus faoin réamhscoil.		
Táim sásta go ndéanfaí taifeadadh orm i gcomhair físeáin.		
Tá a fhios agam gur féidir liom dul ar ais chuig mo ghrúpa ag am ar bith.		
Is féidir leat a rá i do thuairisc cad a dúirt mé, ach ná luaigh m'ainm ná ainm mo scoile.		
Is féidir leat mo chuid pictiúr a úsáid i do thuairisc.		

Go raibh míle maith agat

